# ART IN DEMOCRACY

## AN COMHRAC AR SON LUACHANNA DAONLATHACHA TRÍ SHÚILE EALAÍONTÓIRÍ COMHAIMSEARTHA EORPACHA



## PACÁISTE OIDEOLAÍOCH

FAIGH AMACH
FAOIN TAISPEÁNTAS

Parlaimint na hEorpa

© Aontas Eorpach, 2023

Tá toirmeasc ar aon atáirgeadh, oiriúnú, modhnú páirteach nó atarchur trí mheán teilifíse, cábla nó ar líne de na saothair de stóras SABAM, ach amháin le réamhúdarú SABAM. Société belge des auteurs, compositeurs et éditeurs, rue d'Arlon 75– 77 à 1040 Bruxelles, Belgique.

Teil.: 02/286.82.80,
Idirlíon http://www.sabam.be
Mailto:visual.arts@sabam.be

# An Clár

**Réamhrá** .......................................................................................5

**Cuid 1: Liosta na saothar ealaíne agus an gaol atá acu leis an daonlathas**.......................................................................6

**1. An tAontas Eorpach. An tionscadal um thógáil na hEorpa. An daonlathas agus rialacha an daonlathais**..........................7

**2. Rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil** .......................... 11

**3. Caidreamh na saoránach leis an riarachán poiblí agus leis an gceartas**...................................................................16

**4. Rioscaí agus contúirtí don daonlathas. Frithsheasmhacht na sochaí sibhialta i gcoinne an leatroim**..............................19

**5. Na meáin chumarsáide agus an daonlathas** ..........................27

**6. An daonlathas agus claochluithe uirbeacha** .........................31

**7. Daonlathú na hEalaíne** ......................................................35

**Cuid 2: Agallaimh na nEalaíontóirí** .....................................................40

**Cuid 3: Plean Ceachta - An Daonlathas a scrúdú san Ealaín agus tríd an Ealaín**.......................................................................46

**Acmhainní Breise** .......................................................................54

## Forléargas ar théamaí agus saothair ealaíne ghaolmhara:

**1. An tAontas Eorpach. An tionscadal um thógáil na hEorpa. An daonlathas agus rialacha an daonlathais**

- Françoise Schein (*1953) – *IDEOGLYPHE EUROPÉEN*, 1988, an Bheilg **AGALLAMH**
- John Vassar House (1926–1982) – *PARLAMENTO EUROPEO 1979*, 1979, Stáit Aontaithe Mheiriceá
- John Goldie Lynch (*1946) – *HÉMICYCLE STRASBOURG*, 1987, An Ísiltír
- Olivier Strebelle (1927–2017) – *CONFLUENCES*, 1989, an Bheilg

**2. Rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil**

- Fabian Edelstam (*1965) – *PORTRAIT OF PAUL-HENRI SPAAK*, 2013, An tSualainn
- *PÓSTAER DE DHUAIS SAKHAROV UM SHAOIRSE SMAOINTEOIREACHTA* (1993)
- Continental Typewriter – Josef Antall's Typewriter. (Clóscríobhán Ilchríochach – Clóscríobhán Josef Antall.) An Ungáir
- Paul Graham (*1956) – *UNTITLED, BELFAST (CONCRETE BENCH)*, an Ríocht Aontaithe
- Jörg Immendorff (1945–2007) – *WÄHLE*, 1979, an Ghearmáin

**3. Caidreamh na saoránach leis an riarachán poiblí agus leis an gceartas**

- John Goldie Lynch (*1946) – *GIROKANTOOR*, 1983, An Ísiltír
- Hanna Collins (*1956) – *POWER IS WORK, WORK IS POWER*, 1990, an Ríocht Aontaithe **AGALLAMH**
- Galli (*1944) – *AN DAS VERSORGUNGSAMT [Chuig an Oifig Leasa Shóisialaigh]*, an Ghearmáin

**4. Rioscaí agus contúirtí don daonlathas. Frithsheasmhacht na sochaí sibhialta i gcoinne an leatroim**

- Willi Doherty (*1959) – *ENDURING*, DERRY, 1992, an Ríocht Aontaithe
- Willi Doherty (*1959) – *MANY HAVE EYES BUT CANNOT SEE*, 1992, an Ríocht Aontaithe
- Two/Four/Two (grúpa ealaíne a cruthaíodh in 1996) Costas Mantzalos (*1963) agus Constantinos Kounnis (*1973) – *BELIEVE IN ME*, 2007, an Chipir **AGALLAMH**
- James Hanley (*1965) – *The Convert*, 1992, Éire
- Andrey Daniel (1952–2019) – *TRILOGY: THE ELUSIVE MEANING OF CAUSE AND EFFECT*, 2009*TO BRUEGEL; THE MATING SEASON OF THE LEVIATHANS; THE DEATH OF THE WORKER X*, 2009, an Bhulgáir
- Flo Kaserau (*1985)- *FEARS OF A MUSEUM DIRECTOR,* 2014, an Eastóin
- Yannis Gaitis (1923–1984) – *THE PARADE*, 1983, an Ghréig
- Dan Wolgers (*1955) – *HÄR SLUTAR ALLMÄN VÄG* (Sraith), *END OF PUBLIC ROAD III*, 1995, an tSualainn

**5. Na meáin chumarsáide agus an daonlathas**

- Olaf Metzel (*1952) – *IL MESSAGERO, MERCOLEDI 12. OTTOBRE 1988*, 1989, an Ghearmáin
- Antoni Clavé (1913–2005) – *NEW YORK II*, 1989, an Spáinn
- Anna Baumgart (*1966) – *WALL*, 2008, an Pholainn
- Frank Thiel (*1966) – *BERLIN* (sraith de shé ghrianghraf), 1990, an Ghearmáin

**6. An daonlathas agus claochluithe uirbeacha**

- Nadezhda Oleg Lyahova (*1960) – *MOTIF I (STATE MACHINE)*; eagrán 1/4, 2008, an Bhulgáir
- Rafal Olbinski (b.1945) – *LA POLOGNE DANS L'U.E.*, 2004, an Pholainn
- Vasilena Gankovska (*1978) – *AN AFTERNOON AT BURGGARTEN #2*, An tSraith 'A Burggarten Afternoon', 2007, an Bhulgáir
- Boris Missirkov (*1971) agus Georgi Bogdanov (*1971) – *VALCHEVS FAMILY, BUZLUDZHA PEAK*, (Ón tSraith 'Weekend 2126'; Eagrán 3 + 1), 2008, an Bhulgáir

**7. An ealaín agus an saol laethúil. Daonlathú na healaíne**

- Jaan Elken (*1954) – *KNOCK, KNOCK KNOCKING ON HEAVEN'S DOOR*, 2007, An Eastóin
- Joep Van Lieshout (*1963) – *MEDICINE CABINET*, 1992, an Ísiltír **AGALLAMH**
- Marko Blažo (*1972) – *WARHOL* 1, 2007, An tSlóvaic
- Ruth Bianco (*1954) – *LINES OF MIGRATION*, 2020–21, Málta **AGALLAMH**
- Edith Karlson (*1983) – *FAMILY*, 2019, an Eastóin

## Réamhrá

Is é is aidhm don phacáiste oideolaíoch seo treoir phraiticiúil **a thabhairt d'oideoirí ar an taispeántas 'Art in Democracy'**. Is féidir cuairt a thabhairt ar an taispeántas in ionaid éagsúla sa Bhruiséil agus in Strasbourg, ach níos tábhachtaí ná aon rud eile, **tá teacht ar an ábhar ar fad ar líne freisin**. An fhaisnéis a sholáthraítear, **leagtar amach ar bhealach cineálach** í i dtreo is gur féidir í **a chur in oiriúint do chomhthéacsanna oideachais ar an leibhéal idirnáisiúnta** atá éagsúil le chéile sna tíortha difriúla. Mar sin de, tá lánchead agat an tairiscint seo a úsáid de réir do chuid riachtanas féin.

Ó tharla go mbeidh na chéad **Toghcháin Eorpacha eile ar siúl i Meitheamh 2024**, ba mhaith an rud caoi a thabhairt do na daltaí ar mhachnamh a dhéanamh ar an daonlathas agus ar an dearcadh atá acu air. Trí léargas a fháil ar an Eoraip agus ar **luachanna daonlathacha na hEorpa trí shúile ealaíontóirí na hEorpa**, bíonn deis ann **aghaidh a thabhairt ar cheist an daonlathais agus na luachanna daonlathacha tríd an bhfoghlaim aeistéitiúil agus thaithí-bhunaithe**. Is fusa, tríd an léiriú ealaíonta, **rannpháirtíocht na ndaltaí a chothú, plé ranga a éascú agus machnamh ar an ábhar féin a spreagadh**.

I gcuid 1, tá **faisnéis shonrach sa phacáiste faoi conas a bhaineann na seacht n-ábhar roghnaithe, mar aon le saothair ealaíne aonair an taispeántais, le mórthéama an daonlathais**. Faoi bhun gach saothair ealaíne, tá **'cúinne an mhúinteora'**, mar a thugtar air, ina bhfuil roinnt smaointe praiticiúla faoi conas na daltaí a spreagadh le cruthúcháin dá gcuid féin a dhéanamh bunaithe ar an sampla ealaíne atá i gceist.

I gcuid 2 den phacáiste, tá smaointe maidir le húsáid a bhaint as na **hagallaimh** a rinne roinnt de na healaíontóirí rannpháirteacha faoina saothair sa taispeántas agus freisin faoina dtuairimí pearsanta ar thábhacht na healaíne sa daonlathas. Sa chuid seo, áirítear **príomhráitis** na n-ealaíontóirí agus **sraith de chúig cheist** a bheidh le cur sa seomra ranga. Chun spéis san ábhar a chothú, b'fhéidir gur mhaith leat ar dtús a fhiafraí de na daltaí cé na tuairimí atá acu ar an ealaín sa daonlathas agus na tuairimí sin a chur i gcomparáid le tuairimí na n-ealaíontóirí ina dhiaidh sin.

Níos tábhachtaí ná aon rud eile, tá **plean ceachta** nithiúil le fail i gcuid 3 den phacáiste. Is é atá sa phlean ceachta sin cur chuige an-phraiticiúil ar féidir leis na múinteoirí é a ghlacadh maille le gníomhaíochtaí éagsúla is féidir a dhéanamh sa seomra ranga. Iarrfar ar na daltaí a smaointe agus a mothúcháin a chur in iúl, beidh orthu díospóireacht a dhéanamh, teacht ar chomhréitigh nó cloí le cinntí i ngrúpa bunaithe ar vótaí an mhóraimh. Ar an mbealach sin, géilleann an teoiric slí do thuiscint ar an daonlathas trí thaithí ar an bhfíorshaol, trí idirghníomhaíochtaí agus trí chomhar le daoine eile chun sprioc choiteann a bhaint amach.

**An gaol leis an taispeántas 'Art in Democracy'**
Tá an taispeántas 'Art in Democracy' bunaithe ar shaothair ealaíne ó bhailiúchán ealaíne comhaimseartha Pharlaimint na hEorpa. Chuir Simone Veil, an chéad Uachtarán ar Pharlaimint sin na hEorpa a toghadh go díreach, tús leis an mbailiúchán in 1980. Tá breis agus 500 saothar ealaíne Eorpach ann, rud a fhágann gur bailiúchán uathúil é agus gur léiriú ar mhana na hEorpa é, eadhon 'Aontaithe san éagsúlacht'. Léiriú is ea é ar oidhreacht chultúrtha na hEorpa, ar fhéiniúlacht chultúrtha na hEorpa, agus freisin ar an idirphlé idirchultúrtha. Tá an bailiúchán ag dul i méid i gcónaí agus léiriú ealaíonta is ea é ar thuras an Aontais Eorpaigh go sea agus ar an méid atá fós le tógáil agus fós le cruthú.

Sa taispeántas 'Art in Democracy', a n-aithnítear ann go ngabhann cumhacht chultúrtha agus chumarsáideach leis an ealaín, déantar saothair ealaíne roghnaithe ón mbailiúchán a chur os comhair an phobail, agus iad leagtha amach ina seacht réimse théamacha ina dtagraítear do cheist an daonlathais de réir dearcthaí éagsúla.

# CUID 1

# Liosta na saothar ealaíne agus an gaol atá acu leis an daonlathas

**Sa chuid seo, déantar na saothair ealaíne go léir atá mar chuid den taispeántas a shórtáil ina seacht réimse théamacha. Baineann saothair ealaíne áirithe le roinnt de na hábhair sin. Tá lánchead agat iad a ghrúpáil nó iad a leagan amach ar bhealach difriúil bunaithe ar do chuid riachtanas teagaisc. Is é is aidhm don fhaisnéis faoi gach saothar ealaíne ná béim shonrach a leagan ar an ngaol atá acu le hábhar an daonlathais. I gcúinne múinteora tiomnaithe faoi bhun gach saothair ealaíne, tiocfaidh tú ar smaointe faoi conas do dhaltaí a spreagadh lena gcruthúcháin féin a dhéanamh. Is féidir an plean ceachta i gcuid 3 a chur in oiriúint do na saothair ealaíne a roghnóidh tú oibriú orthu. Is é an aidhm atá ann, ní amháin go ndéanfadh na daltaí a léiriú ealaíonta féin a fhorbairt, ach, chomh maith leis sin, go ndéanfaidís machnamh ar na torthaí a bhainfear amach agus na torthaí sin a phlé.**

## 1. An tAontas Eorpach. An tionscadal um thógáil na hEorpa. An daonlathas agus rialacha an daonlathais

Sa chéad téama seo, léirítear saothair ealaíne sin an bhailiúcháin ina dírítear ar thógáil an Aontais Eorpaigh mar aon le smaointe ina leith. Áirítear leis sin gnéithe amhail

- tógáil na hEorpa
- Parlaimint na hEorpa mar chroílár an daonlathais
- roinnt na gcumhachtaí san Aontas Eorpach
- An tAontas Eorpach – meascán den iliomad cultúr, daoine, teangacha etc. agus a dtóir sheasta ar an mbráithreachas, ar an tuiscint agus ar an gcómhaireachtáil.

**Françoise Schein < Ideoglyphe Européen > (1988)**



Sa saothar ealaíne seo, tá dearadh casta, mar a bheadh cathair ghríobháin ann, de chonairí agus bealaí a thrasnaíonn a chéile ar dhromchla miotail meirgeach. Laistigh den dearadh sin, léiríonn bolgáin leictreacha bheaga cá háit a mbeadh príomhchathracha an Aontais ar léarscáil. Sa bhreis air sin, taispeánann sraith de chloig bheaga criosanna ama éagsúla, rud atá ina léiriú ar an tuiscint agus an aontú i measc na dtíortha.

Ag seo, cur síos an ealaíontóra ar a painéal-rilíf: *'saothar teibí is ea é arb é is ábhar dó tógáil na hEorpa'. An saothar seo, ina ndéantar cur síos ar theorainneacha ilchríche agus í ag gluaiseacht agus faoi lán seoil, is amhlaidh a cheap mé dhá bhliain roimh thitim Bhalla Bheirlín é. Bhíothas á thuar dom go mbeadh teagmhas ann a bhainfeadh croitheadh as an Eoraip i ndiaidh an Dara Cogadh Domhanda. Rinne mé an dealbh seo tar éis dom a bheith i mo chónaí i Nua-Eabhrac ar feadh deich mbliana. Tréimhse fhada éagmaise agus coimhthithe ba ea é a d'fhág, gan ghó, gurbh fhéidir liom, a bhuí leis an uídh úd ón taobh amuigh, an aontacht atá ann i measc thíortha uile na hEorpa a thuiscint, aontacht a chruthaigh aon dream daoine amháin: muintir na hEorpa.'*

Bhí an Ideoglyphe ar cheann den liacht mórshaothar a chruthaigh sí ag tosú in 1989. Téama bunúsach is ábhar dá tionscadal ealaíne uirbí idirnáisiúnta, a taispeánadh i stáisiúin meitreo éagsúla i bpríomhchathracha na hEorpa: an gréasán. Chuir sí in iúl cé chomh dlúth is atá an gaol idir an t-eolas agus an daonlathas trína cuid ealaíne.

**Cúinne an mhúinteora**:
Iarr ar na daltaí

- léarscáil den Aontas Eorpach a tharraingt
- bealaí cruthaitheacha a aimsiú chun na príomhchathracha a aibhsiú ar an léarscáil.
- bealaí cruthaitheacha a aimsiú chun Ballstáit an Aontais a nascadh le chéile.
- a chur in iúl, ar bhealach cruthaitheach, cá huair a tháinig siad isteach san Aontas Eorpach.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/ideoglyphe-europeen/

**AGALLAMH**
https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156086

**John Vassar House < Parlamento Europeo 1979 > (1979)**



Léiriú is ea Parlamento Europeo ar ról suntasach Pharlaimint na hEorpa i ndáil leis an daonlathas parlaiminteach san Eoraip a stiúradh. Tá dealramh aige le compás mór, le hastraláib, nó le huirlis loingseoireachta eolaíochta agus is siombail de thráth ar leith i stair na hEorpa é, i.e. an tráth a tugadh an vótáil chomhchoiteann isteach do Pharlaimint na hEorpa a chéaduair. Comhartha ómóis dó thoghcháin 1979 is ea é agus is léiriú é ar roinnt tíortha Eorpacha a bheith ar tí dul isteach san Aontas.

Tá na gnéithe sin laistigh den fháinne a bhfuil cruth dinge orthu ina léiriú ar na naoi mBallstát, agus méid gach cinn acu i gcomhréir lena láidreacht vótála. Léiríonn na dromchlaí seachtracha suaithinseacht gach tíre, agus léiríonn dromchla inmheánach an fháinne an aontacht atá eatarthu laistigh de Pharlaimint na hEorpa:

Is ionann trí ghluaiseacht thuathalacha an fháinne istigh agus dul chun cinn croineolaíoch an chomhair Eorpaigh úir: An Fhrainc-an Ghearmáin, Benelux-an Iodáil, agus an Danmhairg-an Ríocht Aontaithe-Éire. Tá an Ghréig toilteanach dul isteach sa chiorcal. Is éard atá sa bhonn, atá ina shiombail de na toghthóirí, sruthanna polaitiúla éagsúla atá ina mbonn taca don struchtúr parlaiminteach ina iomláine. Tagann na sruthanna sin le chéile mar fhórsa cinéiteach a chuireann dlús le gníomhaíochtaí na Parlaiminte.

Rinneadh meicníocht rothlach mheallacach de na smaointe doimhne úd, meicníocht a raibh dealramh aici le compás samhailteach nó uaireadóir samhailteach. Nuair is ar uillinn dhinimiciúil ar a ais a bhíonn sé, léiríonn sé na gníomhaíochtaí comhordaithe idir na tíortha a bhí ina gcuid den Aontas Eorpach in 1979 agus na tíortha sin a bhí ag fanacht le dul isteach ann go luath.

**Cúinne an mhúinteora:**
Iarr ar na daltaí

- íomhánna de na Ballstáit Eorpacha a bhailiú.
- smaoineamh ar fhormáidí agus ar theicnící chun iad a leagan amach ar bhealach ealaíonta a léiríonn a n-aontachas croineolaíoch leis an Aontas Eorpach.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/parlamento-europeo-1979/

**John Goudie Lynch < Hemicycle Strasbourg > (1987)**



Sa saothar seo, léirítear tráth ar leith ó sheisiún iomlánach sa seomra tionóil a ndearna P. Dankert, a bhí an uair sin ina Uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa, cathaoirleacht air in 1987. Is sa seomra – nó sa seomra tionóil – a phléitear an reachtaíocht Eorpach. Léiríonn an radharc an iliomad imeachtaí miona comhuaineacha (sanais á rá i gcogar, doiciméad á mbreithniú agus raidhse imeachtaí miona eile nach iad) a tharlaíonn i seisiúin sa seomra tionóil. Blúire atá ina léiriú ar institiúid Eorpach a toghadh go daonlathach i mbun oibre.

**Cúinne an mhúinteora:**
Tiocfaidh tú ar roinnt smaointe nithiúla sa phlean ceachta i gcuid 3 den phacáiste seo.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/an-seomra-tionoil-strasbourg/

**Oliver Strebelle < Confluences > (1989)**



Chruthaigh Oliver Strebelle dealbh cruach shuaithinseach a raibh dealramh aici le crann ard daingean ina bhfuil tamhan sorcóireach a síneann na géaga amach uaidh ina gcnuasaigh líonmhara feadán. Tagann na feadáin sin le chéile, scarann siad óna chéile, agus luascann siad go bog laistigh d'aitriam Fhoirgneamh Paul-Henri Spaak i bParlaimint na hEorpa.

Cuirtear an saothar ealaíne i lár an staighre a théann ó shlí isteach prótacáil Pharlaimint na hEorpa mar a gcuirtear fáilte roimh chinn stáit agus daoine mór le rá eile chuig an tríú húrlár ar a bhfuil an seomra tionóil lonnaithe. Úsáidtear an seomra tionóil sa Bhruiséil le haghaidh seisiúin iomlánacha ghearra nó comhdhálacha gearra, agus bíonn na príomhsheisiúin iomlánacha ar siúl in Strasbourg. An saothar ealaíne seo, ar bonn coiteann is bonn dó, agus atá ar úrlár na talún, léiriú is ea é ar theacht le chéile, cruinnithe, bráithreachas agus comhthuiscint, trína gcuirtear béim ar a thábhachtaí atá sé go gcothódh náisiúin na hEorpa na cáilíochtaí sin ina n-idirghníomhaíochtaí agus a gcomhiarrachtaí.

**<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**
Iarr ar na daltaí

- léirithe físiúla nua ar '*Confluences*' nó ar theacht le chéile san Eoraip a aimsiú

nó

- dealbh a chruthú a léiríonn chomh-mhuintearas san Aontas Eorpach.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/confluences/

## 2. Rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil

Trí na saothair ealaíne seo a leanas, tugtar ómós do dhaoine iomráiteacha a throid ar son na saoirse agus luachanna daonlathacha san Eoraip. Léiriú is ea iad ar conas a bhí dúthracht, iarrachtaí seasmhacha, agus ceannaireacht pearsana polaitiúla áirithe bunriachtanach do bhunú agus rath an daonlathais pharlaimintigh.

**Fabian Edelstam < Portrait of Paul-Henri Spaak > (2013)**



Bhí Paul Henri Spaak (25 Eanáir 1899 – 31 Iúil 1972), a raibh 'Mac na hEorpa' mar leasainm air mar gheall ar an mórthionchar a bhí aige ar pholaitíocht na hEorpa agus ar chruthú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE), ina Phríomh-Aire ar an mBeilg in 1938 agus bhí sé ina Aire Gnóthaí Eachtracha i rialtas na Beilge le linn an Dara Cogadh Domhanda. Ós rud é go raibh sé i bhfách leis an iltaobhachas, thacaigh Spaak leis an gcomhar idirnáisiúnta agus bhí sé i ndóchas comhar a dhéanamh le naimhde geopholaitiúla na Beilge agus ECAT amhail an tAontas Sóivéadach agus stáit spleácha an Aontais Shóivéadaigh. Ceapadh ina dhara hArdrúnaí ar ECAT é i mBealtaine 1957. Bhí an-eolas aige ar ghnóthaí idirnáisiúnta ar an ábhar go ndearna sé cathaoirleacht ar chéad Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe in 1945 agus gur shínigh sé Conradh an Atlantaigh Thuaidh don Bheilg in 1949.

Rinneadh foirgneamh sin Pharlaimint na hEorpa ina bhfuil slí isteach an phrótacail agus seomra tionóil na Bruiséile a ainmniú as chun ómós a thabhairt d'éachtaí an státaire seo ar son na hEorpa.

**Cúinne an mhúinteora:**
Iarr ar na daltaí

- pearsana a bhí tábhachtach do thógáil agus forás an Aontais Eorpaigh a shainaithint. D'fhéadfadh pearsana stairiúla a mhair fadó a bheith orthu sin, e.g. Kant.
- portráidí de na daoine is mó a d'fhág lorg orthu sa chomhthéacs sin a tharraingt nó a phéinteáil.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/portrait-of-paul-henri-spaak-portraid-paul-henri-spaak/

**< Poster of the Sakharov prize for freedom of thought > (1993)**




Is í Duais Sakharov Pharlaimint na hEorpa um Shaoirse Smaointeoireachta an t-aitheantas is mó don abhcóideacht ar son chearta an duine dá mbronann an tAontas Eorpach. Trí Dhuais Sakharov, tugtar ómós do dhaoine, do ghrúpaí agus d'eagraíochtaí a rinne cion nach beag chun an tsaoirse smaointeoireachta a chosaint. Tríd an duais agus a líonra, tugann an tAontas cúnamh do na buaiteoirí trí thacú leo agus iarrachtaí á ndéanamh acu ar na cúiseanna is cás leo a chosaint, agus trí chur ar a gcumas na hiarrachtaí sin a dhéanamh.

Bronnadh an duais ar réimse éagsúil faighteoirí, lena n-áirítear easaontóirí, ceannairí polaitiúla, iriseoirí, dlíodóirí, gníomhaithe na sochaí sibhialta, scríbhneoirí, máithreacha, mná céile, ceannairí mionlaigh, grúpa frithsceimhlitheoireachta, gníomhaithe síochána, gníomhaí frithchéastóireachta, cartúnaí, daoine a bhí ina bpríosúnaigh choinsiasa le fada an lá, scannánóir, na Náisiúin Aontaithe mar institiúid, mar aon le leanbh a bhí ag troid ar son an chirt chun oideachais. Tríd an duais, déantar an tsaoirse cainte, cearta mionlach, urraim don dlí idirnáisiúnta, forbairt an daonlathais agus cur chun feidhme an smachta reachta a chur chun cinn. Roinnt daoine a bhuaigh Duais Sakharov, lena n-áirítear Nelson Mandela, Malala Yousafzai, Denis Mukwege agus Nadia Murad, bronnadh Duais Nobel na Síochána orthu freisin.

Bronnann Parlaimint na hEorpa an Duais ag suí iomlánach foirmiúil in Strasbourg i dtreo dheireadh gach bliana. Déanann Comhdháil na nUachtarán, ar comhlacht de chuid Pharlaimint na hEorpa í atá faoi stiúir an Uachtaráin, lena n-áirítear ceannairí na ngrúpaí polaitiúla uile ar a ndéantar ionadaíocht sa Pharlaimint, buaiteoirí Dhuais Sakharov a roghnú. Áirithíonn an próiseas cinnteoireachta comhchoiteann seo go mbíonn an rogha buaiteoirí ina léiriú ar pheirspictíocht Eorpach atá fíordhaonlathach. Ní hé amháin gur aitheantas nó gradam do dhuine nó do ghrúpa daoine í Duais Sakharov – dearbhú agus dlisteanú cúise is ea í.

**Cúinne an mhúinteora:**
Iarr ar na daltaí

- buaiteoir amháin nó níos mó ar Dhuais Sakharov atá tábhachtach dóibh maidir leis an tsaoirse smaointeoireachta a roghnú (is féidir teacht ar ainmneacha na mbuaiteoirí anseo https://www.europarl.europa.eu/sakharovprize/ga/home).
- smaoineamh ar bhealach ealaíonta lena gcur i láthair agus lenar cás leo a léiriú, e.g. colláis, péintéireacht nó líníocht portráide, póstaer, scéal i bpictiúir, físeán/ríl.

https://www.europarl.europa.eu/sakharovprize/ga/home

**< József Antall's typewriter >**
**European Parliament Art and Culture Collection**



D'fhág József Antall (8 Aibreán 1932 – 12 Nollaig 1993) lorg nach beag ar stair na hUngáire toisc gurbh é an chéad Phríomh-Aire a toghadh go daonlathach é tar éis dheireadh réimeas na gCumannaithe. Múinteoir, leabharlannaí, staraí agus pearsa polaitiúil ba ea é. Ó 1989 go 1993, bhí sé i gceannas ar Fhóram Daonlathach na hUngáire (MDF). Ina cháil mar chathaoirleach, chuaigh sé i gcomhrialtas le dhá pháirtí eile, eadhon Páirtí Neamhspleách na Sealbhóirí Beaga (FKGP) agus Páirtí an Phobail Dhaonlathaigh Chríostaí (KDNP). Ar mhaithe le hinrialaitheacht na tíre, rinne sé comhaontú le Comhaontas na nDaonlathach Saor (SZDSZ), comhaontú a bhí ina bhonn d'fheidhmiú parlaiminteach dhaonlathas na hUngáire.

Bunaíodh ceann de sciatháin Pharlaimint na hEorpa sa Bhruiséil in 2009 agus ainmníodh as Antall é. Bronntanas ó mhuintir Antall agus ó Thionól Náisiúnta na hUngáire ba ea an clóscríobhán.

**Cúinne an mhúinteora:**
Iarr ar na daltaí

- taighde a dhéanamh ar József Antall agus ar an lorg a d'fhág sé ar dhaonlathas na hUngáire agus portráid de a phéinteáil nó a tharraingt a léiríonn a thábhacht pholaitiúil (e.g. gnéithe sa chúlra)
- an clóscríobhán a chur i gcomparáid leis na meáin nua-aimseartha trí choláis a chruthú a léiríonn forás na n-uirlisí cumarsáide ó thús an Aontais Eorpaigh i leith.

**Paul Graham < Untitled, Belfast (Concrete bench) > (1988)**



Díríonn Paul Graham ar na gnáthlaochra neamhaitheanta seachas ar na daoine mór le rá. Is iad na gnáthdhaoine sin is ábhar do bhailiúchán grianghrafadóireachta Paul Graham. I ngrianghraif Graham, is minic a léirítear na daoine sin tráth, ba chosúil, a thit rud éigin neamhbheartaithe amach nó tráth nithe a bheith á ndéanamh as maoil a gconláin acu, cibé acu ar an tsráid nó taobh istigh é. Sa ghrianghraf, tá na daoine sin, aisteach go leor, ar iarraidh ach léiriú siombalach orthu i gcúinne ciúin i mBéal Feirste is ea gnáthbhinse coincréite. Is cuid de chuntas Graham ar choimhlint na hÉireann é Untitled/Belfast (concrete bench). Trí dhíriú ar ghné chomh neafaiseach le binse, scarann Graham an duine ón gcomhthéacs polaitiúil agus idé-eolaíoch a thugtar le fios a bheith ann. Dá thoradh sin, fuineann sé an gnáthshaol, an t-amhras agus an t-anord le chéile.

**Cúinne an mhúinteora:**
Iarr ar na daltaí

- a shamhlú beirt a bhfuil tuairimí nó cúlraí éagsúla acu ina suí le chéile ar an mbinse folamh. comhrá eatarthu ar an ábhar a chothaíonn imreas eatarthu a shamhlú. An féidir leo teacht ar chomhthuiscint faoin ábhar?
- colláis a chruthú bunaithe ar an méid thuasluaite.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/gan-teideal-beal-feirste-binse-coincreite/

**Jörg Immendorff < Wähle! > (1979)**




Ó thaobh Immendorff de, slí is ea an ealaín chun aghaidh a thabhairt ar éagóracha sóisialta agus polaitiúla agus iad a leigheas. Tríd an saothar ealaíne seo, spreagtar daoine, ar bhealach díochra, lena gcuid smaointe a chur in iúl dá ndeoin féin agus a gcuid roghanna a dhéanamh as measc roghanna malartacha éagsúla, agus, uime sin, páirt ghníomhach a ghlacadh i leith ábhair a bhaineann leis an saol sibhialta agus leis an daonlathas. Tá an pictiúr seo mar chuid de shraith péintéireachta iomráiteach Immendorf dar teideal 'Café Deutschland', a rinneadh sna 1970idí, ina ndearna sé an dírbheathaisnéisíocht a fhuineadh leis an tráchtaireacht shóisialta agus pholaitiúil. Is minic Beuys, a bhí ina theagascóir aige tráth agus a raibh cáil air as an sainmhíniú cuimsitheach ar an ealaín' a thug sé agus as na díospóireachtaí poiblí ar réimse leathan ábhar ar ghlac sé páirt iontu go féiltiúil, ina gcuid pictiúr.

**<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**
Iarr ar na daltaí

- machnamh a dhéanamh ar an bhfocal 'Wähle!' – 'Vote!' agus na roghanna a d'fhéadfadh a bheith ann dá bharr.
- comhthéacsanna amhairc dá gcuid féin a shamhlú, nach féidir a shonrú go soiléir sa saothar ealaíne, agus a gcuid machnaimh ar an ábhar a léiriú i líníocht nó i bpictiúr, nó
- póstaer a chruthú chun a iarraidh ar na saoránaigh a gceart daonlathach a fheidhmiú agus vóta a chaitheamh.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/wahle/

## 3. Caidreamh na saoránach leis an riarachán poiblí agus leis an gceartas

Is é an caidreamh idir na saoránaigh agus na hinstitiúidí – idir institiúidí rialtasacha agus institiúidí neamhrialtasacha – an téama bunúsach a scrúdaítear ann.

**John Goudie Lynch < Girokantoor > (1983)**




D'fhéadfadh an fhuinneog ghloine in oifig seirbhíse i bpictiúr J.G. Lynch a bheith mar chuid de bhanc, d'aireacht nó de ghníomhaireacht phoiblí. Sa scáil sa ghloine tá bean ag iompar dhá mhála nó dhá chás. Dealraíonn sé go ndearna sí iarracht nach beag ar theacht ann. Mar sin féin, 'Gesloten' atá ar an gcomhartha, rud a thugann le fios go bhfuil an bhunaíocht dúnta cheana. Tá leis an ngnáthchúram seo, de réir mar a léiríonn Lynch é, brí shuntasach agus chriticiúil. Leagtar béim ann ar chliseadh na cumarsáide agus an chúnaimh uathu siúd atá i gcumhacht (an institiúid nó an riarachán) i leith saoránaigh atá ag lorg cabhrach nó ag déanamh iarrataí. Fágann comhartha débhríoch na beirte fostaithe nó na beirte oifigeach taobh thiar den ghloine atá ar aghaidh an bhreathnóra go díreach gur treise an brath sin.

**<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**
Iarr ar na daltaí
- teachtaireacht dhearfach a chur in ionad na teachtaireachta diúltaí a léirítear sa phictiúr, trína dtabharfaí tacaíocht do na saoránaigh.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/girokantoor/

**Hannah Collins < Power is work, Work is power (diptych) > (1990)**



Léiriú is ea 'Power is work, Work is power' ar an gcumha a ghabhann le poist agus róil údaráis áirithe. Sa phictiúr, tá cúl Abhcóide na Banríona, a bhfuil siombail an údaráis pholaitiúil, i.e. an pheiriúic, á chaitheamh aige, leis an mbreathnóir. Fágann sé sin an pearsa sa phictiúr a bheith ina phearsa deoranta agus coimhthíoch, nach bhfuil ceangal pearsanta aige leis an mbreathnóir.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- teacht ar shamplaí i stair na healaíne agus i bhfoilseacháin chomhaimseartha ina léirítear daoine a bhfuil a gcúl á thaispeáint acu
- an tionchar a bhíonn aige sin ar an mbreathnóir a phlé.
- duine cumhachtach a roghnú agus an duine sin a tharraingt nó a phéinteáil agus radharc ar chúl an duine sin.
- machnamh a dhéanamh ar conas a thagann athrú ar an dearcadh ar an duine sin mar gheall ar an uillinn sin.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/22956/

**AGALLAMH**

https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156094

**Galli < An das Versorgungsamt > (1983)**



Murab ionann agus an dá shaothar ealaíne thuasluaite, taibhsíonn líníocht Galli a bheith ina tiomnú éadrom agus meidhreach don oifig slándála sóisialta nó d'oifig an phinsin. Tá pearsa mearaithe ann, nach féidir a aithint ach trína shúil agus a lámh. Trí phearsa ar a ndearnadh athrú ó bhonn ar bhealach saonta, léirigh Galli foréigean a linne trí fheidhm a bhaint as an tséimeolaíocht, as teanga agus as an siombalachas. Fágann an staidiúir neamhghnách, maille leis na línte simplí, leanbaí, mistíc nó draíocht a bheith ag roinnt leis an líníocht, a chuirfeadh an dóigh a léireodh leanbh créatúr samhailteach, b'fhéidir, i gcuimhne.

Bean bheag is an t-ealaíontóir; is ar éigean atá sí níos mó ná méadar ar aide. Bíonn tionchar ag an gcúlra pearsanta sin ar an gcur chuige a ghlacann sí i leith pearsana a léiriú. Tuigtear don bhreathnóir gur ghá di, le linn a saoil, í féin a chosaint toisc nár ghéill sí do ghnás na haimsire agus tuigtear dó nach foláir ná gur chrua déanamh amhlaidh.

**Cúinne an mhúinteora:**
Iarr ar na daltaí

- machnamh a dhéanamh ar staid na ndaoine atá faoi mhíchumas inár sochaí agus cás a léiriú inar léir cén ról atá acu. Is féidir é sin a dhéanamh trí bhíthin teicnící agus formáidí éagsúla.

nó

- grianghraif a thógáil de dhaoine atá ag fanacht in oifigí riaracháin phoiblí agus sraith grianghraf díobh a chruthú. An caidreamh idir na saoránaigh agus an riarachán a phlé. Ar dhea-chaidreamh é? Cé na gnéithe den chaidreamh ar féidir feabhas a chur orthu?

!!! Ní mór do na daltaí a chinntiú go bhfaighidh siad cead ó na daoine grianghraif a thógáil díobh sula ndéanfaidh siad amhlaidh.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/an-das-versorgungsamt/

## 4. Rioscaí agus contúirtí don daonlathas. Frithsheasmhacht na sochaí sibhialta i gcoinne an leatroim

Téann na saothair ealaíne sa téama seo i ngleic leis an deighilt agus na coimhlintí atá ann mó sa mhó i measc pobail éagsúla, leis an imní faoin am atá le teacht, agus leis an tsúil atáthar a choinneáil mó sa mhó ar dhaoine agus an smacht atáthar a chur mó sa mhó ar dhaoine. Tá na téamaí agus na hábhair imní sin le sonrú i mbailiúchán saothar atá ina léiriú ar thráth géarchéime agus corraíola. Áitíonn siad orainn a bheith feasach ar bhunfhírinní sin an tsaoil a léirítear iontu agus machnamh a dhéanamh ar ár seasamh ina leith.

**Willie Doherty < Enduring, Derry > (1992)**




Léirigh Willie Doherty an saol uirbeach, sráid dhealbh ina bhaile dúchais, Doire, faoi bhrat ceobhrán lonrach, agus na háitritheoirí gan a bheith ann nó gafa taobh istigh. Trí úsáid a bhaint as focalbhá, léiríonn sé saol ina bhfuil foréigean agus teannas ceilte, agus baineann sé feidhm as an bhfocal 'Enduring' chun cur síos a dhéanamh air, focal a chiallaíonn athléimneacht, diongbháilteacht agus ionracas.

Fuineann Doherty focail agus íomhánna le chéile, teicníc a d'úsáidtí roimhe sin mar chuid de ghluaiseachtaí ealaíne amhail an Dadachas, an tOsréalachas, agus tráth ba shia anonn, an Ealaín Choincheapúil san 20ú haois. Baineann sé úsáid as an teicníc theangeolaíoch úd chun tagairt a dhéanamh do na coinbhleachtaí stairiúla, polaitiúla agus sóisialta a tharla i dTuaisceart Éireann. Tagraítear ann freisin do na teachtaireachtaí agus an graifítí ar bhallaí Dhoire, arna scríobh ag dreamanna a bhí i gcoinne a chéile. Sa saothar seo, léirítear an chodarsnacht idir an bhail shuaimhneach atá ar an gcathair san am i láthair agus na huafáis, ba dhothuigthe uair, a tharla sa chathair san am a chuaigh thart. Tríd an léiriú sin, tarraingíonn Doherty ceisteanna anuas faoi conas a d'fhéadfadh leithéidí na n-uafás sin tarlú agus tugann sé le fios gurb amhlaidh, fiú le himeacht ama, atá an méid a thit amach san am a chuaigh thart ina chuid den 'áit' fhisiceach chomh maith le bheith greanta i gcuimhne na muintire.

| **<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**<br>Iarr ar na daltaí<br>• áiteanna comhchosúla a aimsiú ina gceantar, grianghraf a thógáil díobh agus teachtaireacht láidir, ina bhfuil aon fhocal amháin, a chur leo. |
|---|

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/enduring-derry/

**Willie Doherty < Many Have Eyes But Cannot See (Dyptich) > (1992)**





Tá na teachtaireachtaí seo gonta agus, ar an gcéad amharc, diamhair. Ar an bpainéal clé agus an painéal deisil, tagraíonn na focail 'Pointe Téaltaithe' agus 'Caochspota' d'áiteanna nach ndéantar faireachas orthu, nach ráiníonn le grianghrafadáin ná le patróil a bhaint amach, dála caochspotaí do na mairbh. Tá na peirspictíochtaí grianghrafadóireachta sa saothar ealaíne ina meafar don cuimhne, don am a chuaigh thart agus don díchuimhne.

**Cúinne an mhúinteora:**
Iarr ar na daltaí

- áiteanna a aimsiú sa chomharsanacht a ndéantar faireachas orthu / nach ndéantar faireachas orthu.
- grianghraif a thógail de na háiteanna sin agus iad a leagan amach i sraith grianghraf nó i gcolláis.
- machnamh a dhéanamh ar conas a dhéanann an faireachas (an easpa faireachais) difear d'iompar daoine sna ceantair sin. Na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis an bhfaireachas poiblí a phlé.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/many-have-eyes-but-cannot-see-diptic/

**Two/Four/Two (Costas Mantzalos, Constantinos Kounnis) < Believe in me > (2007)**



Sa ghrianghraf 'Believe in me' leis an dís Two / Four / Two, tá gné fhísiúil láidir ann a bhfuil sé de chumhacht aici réigiúin shonracha den chríoch agus an bheithsine shóisialta a bhreathnu agus a scrúdú go neamhbheartaithe. Íomha scáfar is ea an ghné sin — mogall súile ábhalmhór duine atá taobh thiar de ghreille mhiotail atá cosúil le barraí príosúin.

<u>**Cúinne an mhúinteora:**</u>
Iarr ar na daltaí
- greille chomhchosúil a chruthú - is féidir é sin a dhéanamh as bosca simplí.
- an bosca sin a bhreith chuig áiteanna éagsúla agus grianghraif a ghlacadh.
- tionchar na greille sin ar an timpealacht agus ar an mbreathnóir a phlé.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/believe-in-me-biodh-muinin-agat-asam/

**AGALLAMH**
https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156092

**James Hanley < The Convert > (1992)**



Is portráidí aitheanta as Baile Átha Cliath é Hanley, a bhíonn ag obair le stíl macasamhlach de ghnáth. Cuireann sé daoine i gcroílár a phictiúir agus mar phríomhcharachtair iontu, agus cruthaíonn sé scéal timpeall orthu.

Sa phictiúr '*The Convert*', is cosúil nach dtéann na heilimintí ar fad le chéile, rud a tharraingíonn fiosracht an léitheora. Tá fear óg, a bhfuil culaith agus buataisí air, ag dreapadh crainn. Tá sábh i gceann amháin de na lámha aige, ach níl sé soiléir i gcomhthéacs an phictiúir cén cuspóir atá leis sin. Is léir go bhfuil sé i gcontúirt agus is cosúil go bhfuil sé ag éalú ón tine atá faoi. Ach is iarracht áiféiseach agus gan mhaith atá ar siúl aige ar bhealach éigin. Chomh luath agus a shroicheann sé barr an chrainn, ní bheidh éalú aige ón mbaol atá ag teacht aníos.
Tugann teideal an tsaothair ealaíne '*The Convert*' le fios go bhfuil duine éigin ag athrú a chreideamh, i gcomhthéacs reiligiúnach nó polaitiúil go háirithe, ach ní léirítear na tosca san íomhá. Mar sin féin, is féidir a fheiceáil go bhfuil an fear óg in anchaoi agus i staid nach raibh sé ag súil leis a bhfuil sé ag iarraidh éalú uaidh. Tacaíonn dathanna agus stíl an tsaothair ealaíne leis an samhlúchán drámata seo d'éalú.

**<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**
Iarr ar na daltaí

- smaoineamh faoi dhaoine atá ag teitheadh ó dhainséar. Tá go leor limistéir choinbhleachta ann faoi láthair óna bhfuil daoine ag éalú. Ba cheart do na daltaí machnamh agus plé a dhéanamh ar na dainséir a thagann rompu, chomh maith le na buntáistí agus míbhuntáistí a bhaineann le bealaí éagsúla le héalú.
- íomhá a chruthú a léiríonn teacht go háit sábháilte. Conas a mhothaíonn daoine, céard a iompraíonn siad leo, agus céard a thagann chun cinn orthu?

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/the-convert/

**Andrey Daniel < Trilogy: The elusive Meaning of Cause and Effect; To Bruegel: The Mating Season of the Leviathans; The Death of the Worker X > (2009)**



Nuair is meaisín scanrúil é an rialtas nach n-oibríonn ar son na saoránach ach, ina ionad sin, a bhaineann an bonn óna bpríobháideachas agus a dhéanann é a shárú, is créatúr arrachtach feasta é atá cosúil le Leiviatan miotasach. Déanann Andrey Daniel cur síos, ar bhealach físiúil, ar imeachtaí apacailipteacha a léiríonn sé amhail is go mba rabhaidh iad. Léiríonn sé an Leiviatan ag teacht amach as an mbóchna. In ómós do Pieter Brueghel the Elder, tá gnáthdhaoine san 21ú haois, amhail turasóirí agus oibrithe tógála, i dtriptic Daniel freisin. Sa Bhulgáir, aithníodh i bhfad is i ngearr nárbh ealaíontóir amháin é Daniel ach gur cheannaire pobail, comhghleacaí agus meantóir é freisin. Chreid Daniel go daingean gur cheart d'ealaíontóirí insintí fónta a chruthú agus a fhuineadh le chéile. Dúirt sé uair gurb amhlaidh, mura bhfhoghlaimeodh ealaíontóirí conas cialla a chumadh agus a fhuineadh le chéile, dóibh féin agus do mhórghrúpaí daoine araon, a d'fhéadfadh go ndealródh a mbeithsine a bheith níos cosúla le beithsine éighníomhach ná beithsine bheoga agus fhiúntach.

**<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**
Iarr ar na daltaí

- carachtair sa mhiotaseolaíocht nó as finscéalta a aimsiú is féidir a cheangal le cursaí sóisialta agus polaitiúla an lae inniu.
- an ceangal seo a léiriú, i bpictiúr, líníocht, nó colláis. D'fhéadfadh sé a bheith ina shraith íomhánna freisin, cosúil leis an saothar ealaíne i dtrácht.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/to-bruegel-from-trilogythe-elusive-meaning-of-cause-and-effect-the-mating-season-of-the-leviathans-the-death-of-the-worker-x/

**Flo Kasearu < Fears of a Museum Director > (2014)**



Tá sraith líníochtaí cruthaithe ag Flo Kasearu dar teideal 'Fears of a Museum Director', ina léiríonn sí, le greann, contúirtí agus tubaistí éagsúla amhail an sceimhlitheoireacht, an chogaíocht agus an loitiméireacht. Tá ag roinnt leis na líníochtaí sin, a thaibhsíonn a bheith barrúil ar an gcéad amharc, teachtaireacht dhomhain. Léiríonn siad an imní faoi éiginnteacht an ama atá le teacht trí úsáid a bhaint as stíl a chuirfeadh cartúin eagarthóireachta i gcuimhne. Trí na líníochtaí sin, léiríonn sí réimse cásanna antoisceacha agus tubaisteacha a bhféadfadh go mbeadh ar aon institiúid phoiblí nó phríobháideach dul i ngleic leo, agus tarraingíonn sí aird ar na bagairtí ar an daonlathas agus ar an tsaoirse.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- leanúint den tsraith líníochtaí agus aird a tharraingt inti ar níos mó contúirtí agus tubaistí a d'fhéadfadh a bheith ann.
- institiúid eile a d'fhéadfadh a bheith faoi bhagairt a roghnú, e.g. foirgneamh parlaiminte náisiúnta, agus na bagairtí a bhféadfadh sé go mbeadh uirthi dul i ngleic leo a léiriú.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/fears-of-a-museum-director/

**Yannis Gaitis < The Parade > (1983)**



Is é atá i bpictiúr Yannis Gaitis dar teideal 'The Parade' ó 1983 ná léiriú fáthchiallach cumhachtach ar na rioscaí a bhaineann leis an smaointeoireacht neamhchriticiúil agus leis an gcoimhthiú sóisialta. Sa saothar ealaíne seo, léiríonn Gaitis coincheap an phlódaithe, coincheap an tsíolteagaisc, agus coincheap an aonchineálaithe trí shlua daoine ar cosúil gurb ionann iad agus atá ina seasamh i sraitheanna atá ag forluí ar a chéile a léiriú. Tá iarracht den ghreann ag roinnt leis an tionól docht daoine seo, rud a fhágann bá níos mó a bheith ag an mbreathnóir leo. Tríd an léiriú seo, tugann sé léargas ar chóras sóisialta ar gnách leis ionannas millteanach a chur i bhfeidhm i measc a mhuintire.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- grianghraif de mhórthionóil agus de mhórléirsithe a bhailiú agus iad a leagan amach i gcolláis
- na ceisteanna seo a leanas a phlé: cathain a théann na himeachtaí sin chun tairbhe na sochaí? Cathain a bhíonn baol ag roinnt leo?

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/the-parade/

**Dan Wolgers < Här slutar allmän väg (End of the public road) > (1995)**




Bíonn an míshuaimhneas ag ráthaíocht trí shaothar Dan Wolgers. Sa saothar seo, féadfaidh na breathnóirí a shamhlú gurb iad an tiománaí san fheithicil iad, feithicil a bhfuil a scáilí ar an gcomhartha gorm miotalach ar imeall an bhóthair. Lastall den chomhartha úd, ní féidir leis an bpobal an bóthar a shiúl a thuilleadh. Tugann úinéir gan ainm le fios nach ceadmhach foghail a dhéanamh ar a réadmhaoin phríobháideach toisc gur talamh toirmiscthe gurb ea é. Má thuigtear dúinn go bhfuil an bóthar poiblí ina shiombail den tsibhialtacht agus de rialachas na ndlíthe, is é an chiall is féidir linn a bhaint as an ngrianghraf ná gur teachtaireacht rabhaidh pas diamhair é i dtaca lena bhfuil lastall de na teorainneacha mar a bhfuil prionsabal na deimhneachta dlíthiúla faoi réim.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- samplaí comhchosúla a aimsiú ina gcomharsanacht féin ina bhfuil teorainn limistéar poiblí.
- a shamhlú i bpictiúr nó i líníocht cad atá lastall de na teorainneacha sin.
- an éifeacht atá ag eisiatacht den sórt sin ar na saoránaigh a phlé.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/end-of-public-road-iii/

## 5. Na meáin chumarsáide agus an daonlathas

### Olaf Metzel < Il Messagero, mercoledì 12. October 1988 > (1989)



Téama lárnach i saothair ealaíne Olaf Metzel agus Antoni Clavé is ea an nasc idir an chumhacht, na meáin agus an pobal. I saothar Metzel, glactar cur chuige díreach agus gríosaitheach trí neach atá geall le laoch órga a dhéanamh den fhaisnéis nuachta.

In ealaín Olaf Metzel, is minic a scrúdaíonn sé tionchar na meán ar dhearcadh agus tuairimí an phobail ar ghnáthimeachtaí. Is é atá i gceann dá mhórshaothair, i.e. 'Il Messagero, mercoledì 12. October 1988' ó 1989, maitrísí miotail arna n-úsáid chun an nuachtán Iodálach den ainm céanna a chur i gcló ar an dáta sonraithe. Na mórcheisteanna atá léirithe sna maitrísí úd – amhail fuadach, sceimhlitheoireacht agus tubaistí – ní léir, nach mór, do bhreathnóirí scoite an lae inniu iad mar gheall ar dhromchla scoilte, aimhréidh an tsaothair ealaíne alúmanaim rilífe seo.

**<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**

Iarr ar na daltaí

- lá a roghnú agus nuacht is féidir leo a aimsiú ar na bealaí meán éagsúla a bhailiú. Is é an aidhm atá ann gan díriú ar foilseacháin nuachtáin amháin, ach, ina ionad sin, formáidí léirithe éagsúla na mbealaí éagsúla, lena n-áirítear na meáin shóisialta, a chur i gcomparáid le chéile.
- colláis chomhchosúil a chruthú agus a gcuid torthaí a chur le chéile inti.
- an tionchar a bhíonn aige sin ar an mbreathnóir a phlé.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/il-messagero-mercoledi-12-ottobre-1988-an-teachtaire-de-ceadaoin-12-mean-fomhair-1988/

**Antoni Clave < New York II > (1989)**



I bpéintéireacht Antoni Clavé, léirítear tábhacht na nuachta agus an phreasa agus conas a scaipeann sí ar fud spásanna uirbeacha. I 'New York II', tagraítear do scaipeadh an chultúir, d'úsáid shíoraí an chultúir, do mheath mear an chultúir, agus d'ionadú an chultúir. Baineann Clavé feidhm as aeistéitic pop-ealaíne agus teicnící colláise, trína ndéantar íomhánna ó nuachtáin agus ó irisí a chur go díreach ar dhromchla an phictiúir. Tá an cur chuige sin ag teacht le stíl ealaíonta an ealaíontóra Mheiriceánaigh Robert Rauschenberg sna 1960í, trína ndéantar íomhánna éagsúla a chur i mullach a chéile ar bhealach atá cosúil le pailmseist agus trína gcomhlánaítear iad le stríoca calma ábhar datha beoga.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- lá agus ábhar amháin a bhfuil suim acu ann a roghnú.
- ailt ar an ábhar sin a aimsiú sna nuachtáin éagsúla ar féidir leo teacht orthu.
- na hailt sin a ghearradh agus a ghreamú de chúlra canbháis nó cairtchláir.
- na bearnaí a líonadh le gnéithe péinteáilte a bhaineann leis na hailt agus a thagraíonn don ábhar.
- an cur síos ar an ábhar sin sna nuachtáin éagsúla agus an éifeacht ar an léitheoir a phlé.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/new-york-ii/

**Anna Baumgart < Wall > (2008)**





Tarraingíonn an t-ealaíontóir ilmheánach Anna Baumgart ar thagairtí do scéalta nuachta arna léiriú trí nuachtáin, lena n-áirítear téacs agus grianghraif. Sa saothar ealaíne seo, cuireann Baumgart beocht i bhfíortheagmhas coscrach agus tragóideach a bhaineann le tráth ar leith i stair na hEorpa. Baineann sí na pearsana as an ngrianghraf, iad siúd a fheictear ag dreapadh trí fhuinneoga nó ag imeacht leo lena gcip is a meanaí, agus déanann sí iad a athchruthú mar dhealbha, gan ach leath gach pearsan acu a phéinteáil.

Ar chos duine de na pearsana sa dealbh tá an inscríbhinn 'Reuters Forum – news agency' i gceannlitreacha, rud a léiríonn cad a spreag í leis na dealbha sin a dhéanamh. Grianghraf preasa (ar an taobh deas) is ea an amharcthagairt sa chás seo trína léirítear grúpa cónaitheoirí ó Bheirlín atá ag teitheadh óna n-áit dhúchais i Lúnasa 1961, go gairid roimh thógáil an bhalla.

Tugann Baumgart ómós do bhunús fóta-iriseoireachta a cuid dealbh trí gach duine a scoilteadh ina dhá leath shoiléire: pearsana éadain agus réimniú liath agus codanna atá bán as a chéile ar chúl. Tá an deighilt sin ina léiriú ar an aistriú ó ghrianghraf déthoiseach go dealbh thríthoiseach.

Cé go bhfuil an dealbh níos teibí ná an grianghraf bunaidh agus nach bhfuil mioncheannaithe na ndaoine aonair le sonrú ann, rinne Baumgart na nithe atá á n-iompar acu a athchruthú go healaíonta, agus ráinigh léi fiu uigeacht na mboscaí agus na málaí a léiriú. Tá an phráinn agus an eagla arna léiriú in ionaid agus gothaí shaoránaigh sin Bheirlín atá sa ghrianghraf ábhar maolaithe sna pearsana roisín. Mar sin féin, is léiriú iad i gcónaí ar an anbhá a bhí ar na daoine agus iad ag teitheadh óna n-áit dhúchais go deo. Fágann easnamh an chúlra a léirítear sa ghrianghraf na pearsana a bheith níos feiceálaí fós.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- samplaí comhchosúla de dhaoine atá ag teitheadh óna n-áit dhúchais a aimsiú.
- samhlacha beaga de na samplaí sin a chruthú. Is féidir é sin a dhéanamh trí bhosca bróg simplí agus ábhar múnlaithe a úsáid.
- na torthaí éagsúla a leagan amach ina bpirimid in ionad lárnach ina scoil ionas gur féidir le daoine eile na torthaí a fheiceáil agus a chur i gcomparáid le chéile.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/wall-ensemble-5-dhealbh/

**Frank Thiel < Berlin > (1990)**



Sna grianghraif, tá balla Bheirlín ina bhacainn mharfach, rud atá ina léiriú ar an scoilt idé-eolaíoch dhomhain idir an Bloc Sóivéadach agus an tIarthar sna blianta roimhe sin. Déantar an tráth stairiúil a leagadh an balla in 1989 a chomóradh i roinnt de na grianghraif i sraith Frank Thiel dar teideal 'Berlin' ó 1990. Is cruthúnas ar a scileanna breathnóireachta cúramaí iad a ghrianghraif agus léiríonn siad athruithe i saol uirbeach atá ag síorathrú. Grianghraif mheara is ea iad atá ina léiriú ar athruithe sa saol agus ar an easordú stairiúil agus uirbeach a bhí ann de thoradh na n-athruithe sin.

Is léiriú iad a phortráidí ar an neamhchríoch, ar an neamhbhuaine agus ar an athrú, agus fágann siad gur féidir leis an mbreathnóir an forás a tháinig ar an saol a fheiceáil agus a thuiscint ar bhealach nithiúil. Fágann sé sin a shaothar a bheith ina fhinné comhaimseartha neamh-mhaoithneach ar an saol atá mar chuid de mhórinsint idé-eolaíoch agus struchtúrtha.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- grianghraif a aimsiú agus / nó a ghlacadh chun an fhorbairt uirbeach ina gcathair féin a léiriú.
- scéal grianghraf nó taispeántas giranghraf a eagrú chun na forbairtí sin a léiriú.

nó

- saothair ealaíne ar an éifeacht a bhí ag titim an Bhalla ar an Eoraip a chruthú.

## 6. An daonlathas agus claochluithe uirbeacha

Tá saothair ealaíne sa chuid seo atá ina léiriú ar na bealaí éagsúla ar imir an t-ionchorpú san Aontas Eorpach tionchar ar shaol daoine ina dtír féin. Sna saothair sin, ina bhfuil léirithe criticiúla agus amhrasacha agus léirithe idéalacha, nochtar gnéithe éagsúla den saol uirbeach agus freisin na hathruithe a tháinig air.

**Nadezhda Oleg Lyahova < Motif I (State Machine) > (2008)**




Tá Motif I (State Machine) mar chuid de thionscadal dar teideal 'Globally and on a Long-term Basis the Situation is Positive', a cruthaíodh idir 2007 agus 2009. Áirítear sa tionscadal sin sraith gearrfhíseán a ndearnadh scannánú orthu ar shráideanna Shóifia, mar aon le bailiúchán priontaí digiteacha ar chanbhás, ar a dtugtar 'móitífeanna', ina bhfuil íomhánna socra a baineadh as na físeáin sin.

Sa phrionta digiteach seo, tugann an t-ealaíontóir aghaidh ar na fadbhanna a bhaineann leis an bhforbairt uirbeach iomarcach agus idirghabháil iomarcach an rialtais i leagan amach mórchathracha. San íomhá, tá sraitheanna meaisíní tochailte, atá ailínithe in eagar cothrománach, atá cosúil le díorma eachtrán ó fhíschluiche bunúsach. Is léiriú iad na meaisíní sin ar an mórbhorradh a tháinig faoin tógáil i bhfad is i ngearr sa Bhulgáir i ndiaidh lánpháirtiú na tíre san Aontas Eorpach.

Mar a dúirt Lyahova féin:

'Mar thoradh ar aontachas na Bulgáire leis an Aontas Eorpach an 1 Eanáir 2007, rinneadh ball iomlán den Aontas di. Uime sin, bhí deis ann páirt a ghlacadh sna tionscadail 'speisialta', 'réigiúnacha', 'nuálacha', 'trasteorann' agus 'ilchultúrtha' uile a raibh sé mar aidhm leo 'noirm an Aontais Eorpaigh' a chur chun feidhme agus a d'fhág freisin gurbh fhéidir linn leas a bhaint as 'réimse leathan deiseanna' a thug an tAontas Eorpach do na saoránaigh. (...)
Tháinig infheisteoirí fiontraíochta ann, agus trealamh agus daoine den uile chineál faru. Cuireadh tús le dianobair thógála. Rinne an trealamh foirgníochta mórchallán sa chomharsanacht. Cuireadh coincréit agus iarann in áit an fhéir ghlais. Agus toirneach, láib agus néalta deannaigh ann, déanann daoine díograiseacha agus meaisíní a gcion laethúil féin chun ár dtodhchaí Eorpach a thógáil'.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- teacht ar shamplaí de chlaochlú a tharla mar thoradh ar a dtír agus a réigiún ballraíocht a ghlacadh san Aontas Eorpach.
- súil a chaitheamh ar an suíomh gréasáin: Na nithe a dhéanann an Eoraip dom, áit ar féidir leo teacht ar fhaisnéis a bhaineann leis an áit ina bhfuil cónaí orthu. https://what-europe-does-for-me.eu/ga/home
- saothar ealaíne dá gcuid féin a chruthú bunaithe air sin. Braitheann an fhormáid agus an teicníc ar an téama arna roghnú.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/motif-i-state-machine/

**Rafal Olbinski < La Pologne dans l’U.E. > (2004)**




Sa phóstaer seo, a chuirfeadh stíleanna ealaíonta Athbheochan na hIodáile i gcuimhne, tá an Eoraip, agus í ina bhean, ina codladh go sámh agus an dúlra suaimhneach mórthimpeall uirthi. Scinneann mórfhoirgnimh de chuid na Polainne as taibhrimh na mná, rud a fhágann léiriú aoibhinn agus idéalaíoch a bheith ann. Foirgnimh iad sin atá in Świętokrzyskie, mar ar fhás Olbinski aníos sa Pholainn. Is ionann é sin agus méadú an Aontais Eorpaigh, agus tíortha úra ag dul isteach ann agus an chonair ionsar an Aontas Eorpach nua á leagan síos acu.

**Cúinne an mhúinteora:**

B’fhéidir an saothar ealaíne seo a bheith bainteach leis an gceann roimhe seo.

Iarr ar na daltaí

- ceann amháin den dá fhormáid, i.e. formáid ghrinn faoi chur chuige cuiditheach nó formáid idéalaíoch, a roghnú chun saothar ealaíne dá gcuid féin a chruthú.

**Vasilena Gankovska < An Afternoon at Burggarten #2 > (2007)**



Léiriú is ea 'An Afternoon at Burggarten #2' ar chumas ealaíonta Gankovska gnéithe agus cúlraí struchtúrtha casta a shimpliú trí línte agus greillí beachtaithe a dhéanamh díobh. Is ionann iad sin agus an canbhás ar a leagtar amach saol sóisialta agus idé-eolaíocht an duine, rud a chruthaíonn go bhfuil súil ghéar ar an léiriú grafach aici. Tugann an t-ealaíontóir léargas úr ar an saol uirbeach agus ar shainchomharthaí suntasacha trí scrúdú a dhéanamh ar na gnéithe aeistéitiúla agus soch-chultúrtha atá ag roinnt leo. Sa phictiúr seo, tá daoine óga croíúla agus alluaiceacha ag teacht le chéile go deas réidh i bPáirc Burggarten Vín d'fhonn an saol a chur trí chéile, rud atá ina léiriú deas ar ghníomhaíocht dhaonlathach neamhfhoirmiúil i gceantar uirbeach.

**<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**

Iarr ar na daltaí

- grianghraif a thógáil de shaol na scoile amuigh faoin aer nó den saol sóisialta ina gceantar féin. Ba cheart go mbeadh an ceantar uirbeach sa ghrianghraf.
- líníocht nó pictiúr a dhéanamh den ghrianghraf.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/trathnona-in-burggarten-2/

**Boris Missirkov and Georgi Bogdanov < Valchevs Family, Buzludzha Peak > (From the "Weekend 2126" Series; Edition of 3 + 1) (2008)**



Oidhreacht ailtireachta na ré cumannaí is ábhar do ghrianghrafadóireacht dhigiteach seo Boris Missirkov agus Georgi Bogdanov. Go sonrach, dírítear inti ar Theach Cuimhneacháin Pháirtí Cumannach na Bulgáire ar a dtugtar Buzludzha, a tógadh in 1981. Meastar gur iarsma leachta ollásach é an struchtúr úd a bhfuil cuma thodhchaíoch air agus a bhfuil an cruth atá air cosúil le struchtúr den fhicsean eolaíochta.

Tá an foirgneamh féin, a bhfuil dealramh aige le réad eitilte gan aithint agus a bhfuil cuma bhrúidiúlach agus reitrea-thodhchaíoch air, ina sheasamh go maorga agus saol samhailteach mórthimpeall air. Sa saol sin, tá daoine de theaghlach gléasta i seanchultacha tradisiúnta, rud a fhágann an ailtireacht thodhchaíoch agus oidhreacht chultúrtha na muintire a bheith le hais a chéile sa ghrianghraf.

**<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**
Iarr ar na daltaí

- foirgneamh tábhachtach (e.g. halla baile) a bhaineann leis an daonlathas ina gceantar féin a roghnú agus grianghraif a thógáil de.
- tarraingt ar a samhlaíocht chun scéalta faoin bhfoirgneamh a chumadh.
- a chinntiú go bhfuil na cearta uile is gá acu chun na grianghraif a ghlacadh.
- gailearaí a chruthú ina bhfuil scéal a bhaineann leis an bhfoirgneamh.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/valchevs-family-buzludzha-peak-clann-valchevs-mullach-buzludzha/

## 7. Daonlathú na hEalaíne

Gné shuntasach amháin atá lárnach i saothair ealaíne an téama seo is ea an fuineadh iontu leis an ngnáthshaol agus an scrúdú a dhéantar iontu ar mhórcheisteanna comhaimseartha. Sna saothair ealaíne seo, scrúdaítear téamaí amhail an t-idirghníomhú idir an cultúr agus an margadh, an imirce, agus dinimic an teaghlaigh, rud a fhágann nasc láidir a bheith idir iad agus na nithe ar cás leis an bpobal san am i láthair.

**Jaan Elken < Knock, Knock Knocking On Heaven's Door > (2007)**




Sa lá atá inniu ann, tá ról nach beag ag an ealaín i ndáil le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna polaitiúla agus sóisialta, agus tá an graifítí ar cheann de na modhanna is mó tionchar agus is inaitheanta lena dhéanamh. Is é atá in 'Knock, Knock Knocking On Heaven's Door', arna chruthú ag Jaan Elken, cumasc cruthaitheach den tachisme (stíl péintéireachta teibí) agus teicnící graifítí.

Sular ghlac sé an stíl seo chuige féin, dhírigh Elken ar an hipir-réalachas ina chuid ealaíne. Chuir sé spéis sa ghraifítí, ámh, agus é ina chónaí i gceantar geiteo Lasnamäe. Ba mhinic ab éigean dó a bhealach a dhéanamh trí shiombailí uirbeacha agus lár lán graifítí an cheantair sin chun a stiúideo a shroicheadh. Tá an t-athrú stíle ealaíne úd ina léiriú ar thionchar chultúr na sráide ar a shaothar.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- a ngraifítí féin a chruthú mar phictiúr. Ar dtús, ba cheart dóibh eolas a chur ar an bpéintéireacht ghraifítí, a ngabhann teicnící speisialta léi.
- pictiúr agus téacs ina bhfuil teachtaireacht a bhaineann leis an daonlathas a chur le chéile.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/knock-knock-knocking-on-heavens-door/

**Joep van Lieshout < Medicijnkastje (Medicine cabinet) > (1992)**



Ar dtús, taibhsíonn sé gurb é atá sa saothar seo ná bosca miotail neamhsuntasach ar a bhfuil dath liath nach bhfuil gairéadach ar an taobh amuigh, atá cosúil le gnáth-aonad tionsclaíoch. Ar an gcéad amharc, is cosúil gur saothar ealaíne coincheapúil é, nach bhfuil lorg suaithinseach an ealaíontóra air. Tá paradacsa an-spéisiúil le sonrú ann, áfach. Nuair a osclóidh tú doras an chófra, tabharfaidh tú faoi deara go bhfuil síniú an ealaíontóra scríofa go garbh in áit fheiceálach taobh istigh den chófra ag a bhun. Tagann an cófra cógas úd, ar mhacasamhail aonaid thionsclaíoch ar dtús é, chun bheith ina ráiteas ealaíonta uathúil trí phróiseas macasamhlaithe agus dúblála. An déanamh a bhí air i dtosach, ní hé sin an déanamh atá anois air ach déanamh is ollásaí ná é.

In 1995, bhunaigh Joep van Lieshout Atelier Van Lieshout, stiúideo a raibh misean ar leith aige: an tuiscint ar bhua na healaíne a cheistiú. Is é is cuspóir don stiúideo ealaín phraiticiúil agus shamhlaíoch a chruthú a bhfuil greann inti agus a fhónann don tsochaí. Fágann cur chuige ildisciplíneach Van Lieshout doiléir an difear idir an ealaín, an dearadh, agus an ailtireacht, agus scrúdaítear faoin gcur chuige sin an teorainn chigilteach idir ealaín a dhéanamh agus earraí feidhmiúla a olltáirgeadh.

**Cúinne an mhúinteora:**

Tá dealramh ag an saothar ealaíne seo le saothair ealaíne réamhdhéanta (cf. Marcel Duchamp).

Iarr ar na daltaí

- réad óna saol laethúil a aithint
- tuiscint úr air a chothú agus brí nua a bhaint as trí bhíthin teachtaireacht shochaíoch dhearfach atá dírithe ar an am atá le teacht.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/medicijnkastje/

**AGALLAMH**
https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156090

**Marko Blažo < Warhol 1 > (2007)**




Tá téama an táirgthe agus an tomhaltais bia, ar bhfuil athrú nach beag tagtha mar gheall ar thionscadal an bhia agus ar mhargaíocht, ina théama lárnach in ómós Marko Blažo do Andy Warhol. Sa saothar ealaíne seo, tugtar ómós do shraith iomráiteach an ealaíontóra Mheiriceánaigh chlúitigh Andy Warhol, sraith a rinneadh in 1962, ina bhfuil 32 channa anraith Campbell, a mheastar inniu gur chor cinniúnach i ngluaiseacht na pop-ealaíne í.

Cuireann Blažo póirseáid Gréag-Rómhánach, struchtúr ailtireachta ollásach a chuireann an tSean-Róimh agus an ealaín chlasaiceach i gcuimhne, mórthimpeall an channa anraith. Tugann an rogha ealaíonta sin le tuiscint go bhfuil nasc idir an cultúr clasaiceach agus cultúr uileghabhálach an tomaltais, rud a fhágann dhá shaol éagsúla a bheith á bhfuineadh le chéile.

**Cúinne an mhúinteora:**
Iarr ar na daltaí

- samplaí comhchosúla a aimsiú sa saol anallód agus i saol an lae inniu. Is é an aidhm atá ann ná an oidhreacht ealaíonta agus chultúrtha a fhuineadh leis an am atá inniu ann.
- saothar ealaíne a chruthú ina ndéanann siad an oidhreacht ealaíonta agus chultúrtha a fhuineadh leis an am atá inniu ann.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/warhol-1/

**Ruth Bianco < Lines of Migration > (2020)**



Is téamaí lárnacha i saothar an ealaíontóra Mháltaigh Ruth Bianco iad gluaiseachtaí imirce agus tionchar suntasach na ngluaiseachtaí imirce sin ar theaghlaigh agus ar shochaithe. Sa saothar ealaíne seo, déantar gnéithe éagsúla den imirce a thabhairt le chéile, a chuimsíonn daoine agus éin. Bhí ceist na himirce ina hábhar conspóide le linn phaindéim COVID-19 go háirithe tráth a bhí cumarsáid á déanamh ar bhealach cianda agus ar shlí trínar cleachtadh an scaradh sóisialta, tráth a bhí na teorainneacha níos leochailí, agus tráth a cuireadh rialacháin i bhfeidhm d'fhonn srian a chur ar shoghluaisteacht daoine agus ar spásanna maireachtála daoine. Sa saothar ealaíne seo, déantar blúirí as na scéalta reatha sin a fhuineadh le chéile, trína dtugtar léargas, ar bhealach fhísiúil, ar scéalta a bhfuil nasc eatarthu, siúd is go bhfuil éagsúlachtaí eatarthu ina dhiaidh sin féin.

**Cúinne an mhúinteora:**

Iarr ar na daltaí

- colláis nó cnuasach dá gcuid féin ar cheist na himirce a chruthú.
- smaoineamh ar ghnéithe atá ábhartha agus ar cheart aird a tharraingt orthu, e.g. na cúiseanna le tír a fhágáil; cinneadh a dhéanamh faoi cad a chuirfidh tú i do mhála sula bhfágfaidh tú; contúirtí a d'fhéadfadh a bheith ann feadh na slí ...

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/lines-of-migration/

**AGALLAMH**

https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156088

**Edith Karlson < Family > (2019)**



Sa saothar ealaíne seo dar teideal 'Family', tugtar léargas uathúil ar an gcaidreamh idir daoine den teaghlach. Tá clú ar Karlson as bheith ag scrúdú carachtair arrachtacha nó as bheith ag scrúdú carachtair a bhfuil dealramh acu le hainmhithe, agus is iad créatúir dhíofa agus léirithe meánaoiseacha ar ainmhithe miotasacha a d'fhág lorg ar scoth na litríochta agus na scannán a spreagann í lena dhéanamh. Is minic rian na bhfabhalscéalta ar a cuid dealbh toisc tréithe daonna a bheith sna hainmhithe nó na créatúir iontu agus toisc iad a bheith á n-iompar féin dála mar a dhéanfadh an duine é féin a iompar, rud a fhágann iad a bheith ina léiriú criticiúil ar shochaí an lae inniu.

**<u>Cúinne an mhúinteora:</u>**
Iarr ar na daltaí

- grianghraif teaghlaigh ón am a chuaigh thart agus ón am atá anois ann a chruinniú le chéile.
- gailearaí a leagan amach in ord croineolaíoch.
- fotheidil a chur leo ina mínítear na hathruithe agus an forás a tháinig ar an saol ón tús anuas.

https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/family/

# CUID 2

# Agallaimh na nEalaíontóirí

**Sa chuid seo, faightear smaointe ar conas úsáid a bhaint as na hagallaimh a rinne cuid de na healaíontóirí a bhí mar chuid den taispeántas. Cuireann na teachtaireachtaí atá acu béim ar na bealaí éagsúla a bhfuil a saothair ealaíne bainteach leis an daonlathas. Labhraíonn siad faoina dtuiscint ar bheith ina n-ealaíontóirí agus an tionchar sochaíoch agus polaitiúil atá ag a n-ealaín i saol an lae inniu. Ós rud é gurb as tíortha agus cúlraí difriúla dóibh, tá a dtaithí phearsanta féin le feiceáil ina léiriú fisiúil.**
**Chun an plé ranga a éascú, rinneadh na príomhráitis ó na hagallaimh a asbhaint agus na príomhtheachtaireachtaí a aibhsiú. Tá sraith de chúig cheist i ngach agallamh a bhaineann leis na príomhráitis. Is féidir iad seo a úsáid mar shamplaí chun plé a thosú leis na daltaí. B'fhiú taighde cúlra breise a dhéanamh faoi roinnt de na pointí a ardaíodh. Mar sin, is féidir teacht ar liosta de na hacmhainní breise sa leathanach deiridh.**

**EP-156086 – An taispeántas 'Art in Democracy': Francoise Schein**



Saothar ealaíne:
https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/ideoglyphe-europeen/
Agallaimh:
https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156086

**Eochairfhocail ón bhfíseán:**

*'Bhraith mé uaim na* ***teangacha*** *go léir, bhraith mé uaim ár* ***stair chraiceáilte san Eoraip*** *agus tá a fhios agat nár Fhrancach mé, b'fhéidir gur Bheilgeach mé, ach níor mhothaigh mé gurbh Iodálach, gur Pholannach nó gur Spáinneach mé.* ***Bhain mé le gach ceann acu.'***

*'Agus bhí sé an-spéisiúil dom é sin a fheiceáil in 1989 [nuair a thit Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha as a chéile] mar a dúirt mé níos luaithe, tá a fhios agat an íogaireacht a bhaineann le bheith ar an eolas go bhfuil níos mó i gceist leis an Eoraip ná an Fhrainc, an Ghearmáin agus an Pholainn.* ***Baineann sé go léir leis na daoine a bhogann ó áit go háit agus a chruthaíonn, ar bhealach, cineálacha eile críoch neamh-chomhfhiosach.'***

*'Le fírinne, sílim gurb é* ***an daonlathas an t-aon bhealach chun muid féin a chur in iúl, mar dhaoine agus mar ilchríoch araon****. Sa daonlathas, is féidir le gach duine, mise agus tusa ach go háirithe, muid féin agus ár smaointe féin a chur in iúl.* ***Tá sé de cheart againn ár dtuairimí agus muid féin a chur in iúl****. Gan amhras, tá go leor daoine ann a bhfuil sé de cheart acu iad féin a chur in iúl, agus is rud casta é dá bharr sin, ach is é an t-aon bhealach polaitíochta é chun go bhfeidhmeoidh an Eoraip. Is éard atá i gceist agam ná gurb é an daonlathas an t-aon bealach atá ann, níl ann ach an daonlathas.'*

*'Agus* ***níor cheart go ndéanfaimis dearmad ar an gcaoi ar cruthaíodh an Eoraip i ndáiríre chun ilchríoch ollmhór a dhéanamh agus a chosaint****. Tá a fhios agat le 450 milliún duine agus i gcomparáid leis na sárchumhachtaí eile ar nós na Rúise agus na Síne, tá sé ríthábhachtach go bhfuil an Eoraip ann. Sílim mura dtuigeann daoine é sin, go caithfidh go bhfuil siad dall mar* ***caithfimid a bheith le chéile, níl aon amhras faoi****.'*

**Ceisteanna le plé sa rang:**

1. Conas a thuigeann tú ráiteas an ealaíontóra nuair a deir sí *'Bhain mé le gach ceann acu'*?
2. Cad atá i gceist ag an ealaíontóir nuair a deir sí *'daoine a bhogann ó áit go háit agus a chruthaíonn cineálacha eile críoch'*?
3. Cén ról atá ag an tsaoirse cainte san Eoraip de réir an ealaíontóra?
4. Cén fáth ar bunaíodh an tAontas Eorpach? Déan comparáid idir dearcadh an ealaíontóra agus forbairtí stairiúla.
5. Cén fáth a ndíríonn an t-ealaíontóir aird ar thábhacht an chomh-mhuintearais mar an t-aon rogha atá ar fáil san Eoraip?

**EP-156094 – An taispeántas 'Art in Democracy': Hannah Collins**



Saothar ealaíne: https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/power-is-work-work-is-power-diptych/

Agallaimh:
https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156094

**Eochairfhocail ón bhfíseán:**

*'Sílim gur cuí agamsa a bheith ag caint faoi (...)* ***spás a thabhairt dúinn machnamh agus breathnú, ar spás é a thugann orainn cinntí a dhéanamh. Ní deirtear leat cad ba cheart duit a cheapadh.*** *Nó go deimhin* ***cumhacht a thabhairt do dhaoine.*** *Agus tá baint ag an obair atá á déanamh agamsa leis sin,* ***a bheith laistigh de na córais a chuireann an chumhacht sin chun cinn.***

*'Is leis* ***an mbreitheamh*** *an pheiriúic fhada, agus is leis* ***an abhcóide*** *an pheiriúic chatach níos giorra. An té* ***a labhraíonn leis an gcumhacht****, agus an té* ***a thugann breithiúnas.****'*

*'Creidim go hiomlán sa* ***vótáil****. Creidim go hiomlán sa* ***Pharlaimint****. Ag féachaint ar na córais eile, ceapaim* ***go bhfuil an t-ádh orainn go bhfuil siad againn agus caithfimid tacaíocht a thabhairt dóibh****, trí cibé modh atá againn, trínár* ***gcuid oibre****, trí* ***agóid a dhéanamh****, trí* ***vótáil****, trí na modhanna ar fad atá againn le bheith* ***ag caint faoin tsochaí****, agus le* ***cur leis an tsochaí ina bhfuilimid.'***

***Ceisteanna le plé sa rang:***

1. Cén tuiscint atá ag an ealaíontóir ar an gcumhacht, na córais agus daoine aonair? Cén ceangal atá eatarthu agus céard iad na cearta atá acu agus na dualgais atá orthu?
2. Cén chumhacht atá ag an bpobal i stáit dhaonlathacha?
3. Cén chaoi a bhfuil an chumhacht a dtagraíonn an t-ealaíontóir di léirithe ag an mbreitheamh agus ag an abhcóide sna saothair ealaíne seo?
4. An bhfuil tú in ann smaoineamh ar mhodhanna eile seachas vótáil agus agóid a dhéanamh, ina mbeadh daoine aonair in ann cur leis an tsochaí? Céard a chuireann tú féin leis an tsochaí?
5. De réir an ealaíontóra, cén fáth a bhfuil an Pharlaimint chomh tábhachtach sin? Cén fáth a gceapann tú go bhfuil Parlaimint na hEorpa, go háirithe, tábhachtach do dhaonlathas na hEorpa?

**EP-156092 – An taispeántas 'Art in Democracy': Costas Mantzalos (two/four/two)**



Saothar ealaíne: https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/believe-in-me/

Agallaimh:
https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156092

**<u>Eochairfhocail ón bhfíseán:</u>**

*'É sin ráite, cosúil leis an daonlathas,* ***is ann dó chun cumhacht a thabhairt don phobal agus béim ar leith ar aitheantas a thabhairt do chomhionannas thuairimí agus ghuth na ndaoine.****'*

*'I mórán cásanna, bhí próiseas 10 mbliana go 15 bliana i gceist lenár gcuid oibre,* ***ina ndearnadh sraith imeachtaí idirghníomhacha as réad ealaíne, rud a lig don lucht féachana a bheith rannpháirteach agus idirghníomhach.'***

*'Is léir go bhfuil* ***cleachtas ealaíne comhaimseartha*** *an 21ú haois* ***tar éis cur chuige nua i leith saincheisteanna sóisialta agus polaitiúla a ghlacadh*** *[...]'*

*'Tá géarchéim ghinearálta ann a bhaineann le roinnt institiúidí san 21ú haois.*

*'****Tá gach duine againn freagrach as an bpláinéad seo, mar sin táimid freagrach as a thodhchaí agus a leanúnachas.*** *Is muidne pobal na hEorpa, na polaiteoirí, na parlaiminteoirí agus na ceannairí.'*

*'Agus ní féidir* ***tuiscint a bheith idir an lámh agus an ceann ach amháin nuair a fheidhmíonn an croí mar idirghabhálaí.'***

**<u>Ceisteanna le plé sa rang:</u>**

1. Cén tuiscint a léiríonn an t-ealaíontóir ar an daonlathas san agallamh seo?
2. Dar leat, céard iad na buntáistí a bhaineann le réada ealaíne lena spreagtar rannpháirtíocht agus idirghníomhaíocht an lucht féachana? An bhfuil cur amach agat ar aon samplaí de shaothair ealaíne idirghníomhacha a raibh tionchar mór acu ar an lucht féachana? Déan iarracht teacht ar chúpla sampla agus déan plé ar an tionchar a bhí acu ar an tsochaí.
3. Cén cur chuige nua i gcleachtas na healaíne comhaimseartha a dtagraíonn an t-ealaíontóir dó? Cén tábhacht atá aige seo do dhaonlathas an lae inniu san Eoraip?
4. Cá mhéad a bhraitheann tú freagrach as an ilchríoch seo agus as a todhchaí? Céard is féidir leat a dhéanamh chun cosaint a thabhairt di, agus céard is féidir le healaíontóirí agus polaiteoirí a dhéanamh?
5. Cén fáth a ndíríonn an t-ealaíontóir aird ar thábhacht an chomh-mhuintearais mar an t-aon rogha atá ar fáil san Eoraip?

**EP-156090 – An taispeántas 'Art in Democracy': Joep van Lieshout**



Saothar ealaíne: https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/medicijnkastje/

Agallaimh:
https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156090

**Eochairfhocail ón bhfíseán:**

*'**Is deacair a bheith i d'ealaíontóir i gcónaí** [...] Is rud é **a mbíonn tú ag streachailt go mór leis**, ach is é an streachailt sin, an troid sin, a bhíonn do mo mhealladh, sin a dhéanann rud spéisiúil as.'*

*'Ní bhíonn an saol éasca mar ealaíontóir ó thaobh na tráchtála de i gcónaí **toisc nach rud é a bhíonn ag teastáil uathu** mar a bhíonn le lanna rásúir, arán nó fíon, mar shampla.'*

*'Ceapaim go gcaithfidh an daonlathas é féin a mheas chomh maith.'*

*'Ceapaim go bhfuil sé tábhachtach chomh maith filleadh ar bhunluachanna an daonlathais: comhionannas, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, saoirse an oideachais, go mbeadh na deiseanna céanna ar fáil do gach duine **[...]'***

*'Creidim **má tá guth uait sa domhan, gur chóir go mbeadh guth ard agat**. Guth cosúil le mo thír féin, an Ísiltír. Is tír an-bheag í, ach **mar Eoraip aontaithe, is grúpa mór daoine muid ar féidir linn an domhan a athrú beagán.**'*

**Ceisteanna le plé sa rang:**

1. Cén tuiscint atá ag an ealaíontóir ar a ghairm?
2. Cén tuiscint atá agat ar riachtanas na healaíne, go háirithe i sochaithe daonlathacha?
3. Cén léamh atá agat ar ráiteas an ealaíontóra '*go gcaithfidh an daonlathas é féin a mheas*'?
4. Céard iad bunluachanna an daonlathais i do thuairim féin? An aontaíonn tú leis an liosta bunluachanna a luaigh an t-ealaíontóir? Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach brath ar na bunluachanna daonlathacha?
5. Cén tuiscint atá ag an ealaíontóir ar '*g[h]uth ard*' a bheith ag duine? Cá mhéad feabhais is féidir le hEoraip aontaithe a dhéanamh don domhan?

**EP-156088 – An taispeántas 'Art in Democracy': Ruth Bianco**



Saothar ealaíne:
https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/collections/lines-of-migration/

Agallaimh:
https://multimedia.europarl.europa.eu/en/video/art-in-democracy-exhibition_EP156088

**<u>Eochairfhocail ón bhfíseán:</u>**

*'[...] Is é an meán atá á úsáid sa saothar seo agam ná **colláis**. [...] **Aimsím cosúlachtaí le hiolrachas shaol an lae inniu trínár dtimpeallachtaí ilchultúrtha**.'*

*'[...] mar sin féin, **ní bhaineann an imirce le teorainn a thrasnú amháin**, ach níos mó le conas a dhéanaimid spás a idirghabháil, conas a dhéanaimid an domhan a idirghabháil, conas a chruthaímid spásanna chun maireachtáil i gcomhthráth lenár ndifríochtaí, go háirithe inár dtimpeallachtaí ilchultúrtha atá ag fás agus fadhbanna comhroinnte againn.'*

*'Dhéanfainn **m'obair a cheangal leis an daonlathas trína bonn taca leis an nascacht**.'*

*'Déarfainn gur **cosantóir í Parlaimint na hEorpa ar ár ndaonlathas Eorpach**.'*

*'**Tá bealach ar leith ag an ealaín le teachtaireachtaí a chur in iúl**.'*

**<u>Ceisteanna le plé sa rang:</u>**

1. Measann an t-ealaíontóir go gcruthaíonn teicníc na colláise cosúlachtaí le '*hiolrachas shaol an lae inniu trínár dtimpeallachtaí ilchultúrtha*'. Céard atá i gceist aici leis sin?
2. Cá mhéad a aontaíonn tú leis an ealaíontóir '*[nach mbaineann] an imirce le teorainn a thrasnú amháin*'?
3. Deir sí go ndéanfadh sí a hobair '*a cheangal leis an daonlathas trína bonn taca leis an nascacht*'. An bhfeiceann tú nasc idir an imirce agus an nascacht?
4. Cén tslí a bhfuil Parlaimint na hEorpa ina cosantóir ar an daonlathas Eorpach?
5. Cá mhéad is féidir le saothair ealaíne teachtaireachtaí a chur in iúl? An féidir le saothair ealaíne tionchar a bheith acu ar ár sochaí? An féidir leat smaoineamh ar shamplaí?

# CUID 3

# Plean Ceachta

# An Daonlathas a scrúdú san Ealaín agus tríd an Ealaín

**Cuspóir:** Cabhrú leis na daltaí coincheap an daonlathais agus tábhacht an daonlathais sa tsochaí a thuiscint. Cuirfidh siad lena dtuiscint ar an daonlathas de réir mar a léirítear é i saothair ealaíne ábhartha agus trí ghníomhaíochtaí ealaíonta gaolmhara trína ndéantar scrúdú ar ghnéithe éagsúla den daonlathas.

**Fad:** 3 – 6 seachtaine – ag brath ar an líon ranganna in aghaidh na seachtaine (45-60 nóiméad an rang) agus ar dhéine an mhachnaimh ar ábhair éagsúla

**Aois:** 16 – 18 mbliana d'aois

**Ábhar:**

- Rochtain ar ghailearaí ar líne bhailiúchán ealaíne Pharlaimint na hEorpa agus ábhar faisnéise faoin taispeántas 'Art in Democracy'
- Soláthairtí ealaíne (páipéar, ábhair líníochta, péinteanna, scuaba, ábhair athchúrsáilte, etc.)
- Rochtain ar ríomhaire nó ar tháibléad le haghaidh taighde (roghnach)
- Cláir phóstaeir nó spás taispeána don taispeántas ealaíne

**Nós imeachta:**
Tá sé mar aidhm le Ceacht 1 an téama a leagan síos agus tús a chur le cúrsaí. Is féidir cur chuige ilchineálach a bheith ag roinnt leis na ceachtanna seo a leanas ag brath ar na coinníollacha teagaisc agus foghlama iarbhír.

**Ceacht 1**

- Tobsmaointeoireacht ar an Daonlathas agus ar luachanna gaolmhara
  - Cuir tús leis an gceacht trí na daltaí a spreagadh le páirt a ghlacadh i bplé ar an daonlathas. Cuir ceisteanna orthu amhail: 'Cad is an daonlathas ann?' 'Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach sa tsochaí?' 'Cad iad roinnt de shaintréithe an chórais dhaonlathaigh?' 'Cé na rioscaí a bhíonn ann i sochaí neamhdhaonlathach?' Scríobh síos a bhfreagraí ar an gclár.
  - Déan roinnt de na hagallaimh ar líne a rinne na healaíontóirí a chruthaigh cuid de na saothair ealaíne a sheinm nó a chraoladh. Ba cheart do na daltaí iad a phlé agus iad a chur i gcomparáid lena dtuairimí féin a bailíodh roimhe sin ar an gclár.
  - Tiocfaidh tú ar threoir ar úsáid oideolaíoch na n-agallamh i **gCuid 2** den phacáiste oideolaíoch seo https://art-collection.europarl.europa.eu/en/spotlights/
- Léiriú ar an taispeántas ''Art in Democracy'' (15-20 nóiméad)
  - Aimsigh an gaol idir freagraí arna mbailiú na ndaltaí agus an taispeántas arna eagrú ag Parlaimint na hEorpa ina bhfuil saothair ealaíne ar leith ón mbailiúchán ealaíne comhaimseartha. Foilsítear an taispeántas ar shuíomh gréasáin tiomnaithe: https://art-collection.europarl.europa.eu/ga/exhibitions/art-in-democracy/
  - Labhair ar an teideal agus na téamaí faoina ndéantar na saothair ealaíne a ghrúpáil:
    **Art in Democracy**
    An comhrac ar son luachanna daonlathacha trí dhearcadh ealaíontóirí comhaimseartha Eorpacha
    1. An tAontas Eorpach. An tionscadal um thógáil na hEorpa. An daonlathas agus rialacha an daonlathais
    2. Rannpháirtíocht shibhialta agus pholaitiúil
    3. Caidreamh na saoránach leis an riarachán poiblí agus leis an gceartas
    4. Rioscaí agus contúirtí don daonlathas. Frithsheasmhacht na sochaí sibhialta i gcoinne an leatroim
    5. Na meáin chumarsáide agus an daonlathas

6. An daonlathas agus claochluithe uirbeacha
7. An ealaín agus an saol laethúil. Daonlathú na healaíne

- Iarr ar na daltaí an réamhrá le gach ábhar, mar atá foilsithe ar an suíomh gréasáin, a léamh. Ina dhiaidh sin, ba cheart dóibh 4–5 cinn d'ábhair (ag brath ar an líon daltaí sa rang) a roghnú ar dóigh leo iad a bheith ar an téama is ábhartha a mhéid a bhaineann leis an daonlathas agus ar mhaith leo díriú orthu sna chéad cheachtanna eile. Agus an méid sin á dhéanamh acu, is gá do na daltaí a dtuairimí ar shaincheisteanna a bhaineann leis an daonlathas a chur in iúl agus guth a thabhairt ar son an ábhair is fearr leo chun a fháil amach cad é an t-ábhar is ansa le bunáite na ndaltaí.

## Na ceachtanna iardain anuas go dtí an ceacht deireanach

Obair bhuíne

Céim 1 – an t-ábhar a roghnú

- Scríobh na hábhair arna roghnú ar pháipéar cairtchláir i ndathanna éagsúla agus cuir ar bhoird éagsúla iad. Iarr ar na daltaí aistriú chuig na boird a bhaineann leis an ábhar ar mhaith leo díriú air. Iarr orthu a chinntiú go mbeidh an líon céanna daltaí, a bheag nó a mhór, i ngach grúpa. B'fhéidir go mbeadh ar roinnt daltaí comhréiteach a dhéanamh – rud atá ina ghné thábhachtach den chinnteoireacht dhaonlathach freisin.

Céim 2 – an saothar ealaíne a roghnú

- Nuair a bheidh na daltaí ar a suaimhneas, iarr orthu súil a chaitheamh ar na saothair ealaíne a roghnaíodh dá n-ábhar. Ba cheart dóibh plé a dhéanamh ar na saothair ealaíne agus a chinneadh díriú ar cheann amháin acu.
- Ba cheart dóibh leagan clóite dá saothar ealaíne roghnaithe a fháil, é a ghreamú de mhórpháipéar cairtchláir agus na príomhchúiseanna ar roghnaigh siad an ceann sin a bhreacadh síos. Is é an aidhm atá ann ná súil a choinneáil ar a bpróisis chinnteoireachta i rith a gcuid oibre buíne agus iad a chur os comhair an ranga ar fad ag an deireadh.

Obair ealaíne phraiticiúil
Céim 1 – anailís

- Iarr ar na daltaí anailís a dhéanamh, ar bhealach praiticiúil, ar an saothar ealaíne atá roghnaithe acu: ba cheart dóibh gnéithe físiúla a roghnú agus iad a mhéadú le peann luaidhe nó criáin ar pháipéar líníochta ar leith. Má tá sé ar fáil, d'fhéadfadh osteilgeoir cabhrú le leagan amach an leagan bhunaidh a léiriú ar an bpáipéar líníochta.
- Trí ghnéithe ceilte den saothar ealaíne a dhealú ó na gnéithe léire ann, agus trína méadú, déantar saothar ealaíne is suaithinsí den saothar ealaíne bunaidh – tugtar léargas nua, ar dhóigh fhísiúil, ar inne an tsaothair agus gnéithe a bhí folaithe ann go n-uige sin ina ngnéithe follasacha ann feasta.

Céim 2 – léiriú

- Sa dara céim, ba cheart do na daltaí saothair ealaíne dá gcuid féin a chruthú agus na saothair sin ina léiriú físiúil ar an saothar ealaíne bunaidh. Is féidir leo díriú ar ghnéithe den saothar ealaíne bunaidh agus iad a fhorbairt tuilleadh. Is féidir é sin a dhéanamh trí theicnící éagsúla a roghnú, amhail líníocht, péintéireacht, colláis, grianghraif, gearrfhíseáin (e.g. spóil), suiteáin bheaga. Is é an aidhm atá ann ná a sainmhíniú féin ar an daonlathas agus ar luachanna a bhaineann leis an daonlathas a aimsiú. Is féidir teacht ar shamplaí éagsúla de leideanna don léiriú i gcuid 1 den phacáiste oideolaíoch seo, i 'gcúinne an mhúinteora' faoi bhun gach saothair ealaíne.

### An ceacht deiridh / na ceachtanna deiridh

Cuireann na daltaí torthaí a gcuid oibre buíne os comhair an ranga. Tar éis gach cuir i láthair, ba cheart seisiún ceisteanna agus freagraí a bheith ann leis na grúpaí eile.

Ag brath ar dhéine na hoibre, b'fhéidir go mbeadh gá leis an dara ceacht chun measúnú a dhéanamh ar an obair ar fad atá déanta ag na grúpaí éagsúla.

### Roghnach

Comhoibriú le múinteoirí ábhar eile chun an cur chuige i leith an ábhair ghinearálta a dhoimhniú agus an obair a dhéantar i ranganna ealaíne a bhunú ar fhíricí arna bhfoghlaim i gceachtanna eile, amhail an stair nó na heolaíochtaí sóisialta.

D'fhéadfaí an plean ceachta a chur i bhfeidhm freisin mar obair thionscadail de réir cur chuige ildisciplíneach chun an taithí a leathnú.



D'fhéadfadh dalta amháin nó beirt daltaí a bheith ina mbreathnóirí ar an bpróiseas ar fad. Dála na n-iriseoirí, d'fhéadfaidís cur i láthair físiúil dá gcuid féin ar a dtuairimí a ullmhú – maidir lena mhéid a bhí fiúntas san obair sa seomra ranga agus maidir le cé na nithe a d'fhoghlaim na daltaí faoin daonlathas.
D'fhéadfaí an toradh sin a scaipeadh i bhfad is i ngearr freisin, e.g. suíomh gréasáin na scoile, nuachtlitir scoile, etc.


### Moltaí le haghaidh saothair ealaíne oiriúnacha don taispeántas




**John Goudie Lynch (*1946)**
an Ísiltír
*Hémicycle Strasbourg,* 1987
Olaphictiúr ar phainéal,
96 x 194 cm

Gnéithe miona a dhealú ó ghnéithe eile agus iad a mhéadú – íomhánna nua iontu féin a fhágann léargas níos mionsonraithe a bheith á thabhairt ar an saothar ealaíne agus tionchar éagsúil a bheith ar bhreathnóir an tseisiúin iomlánaigh arna léiriú.






**Obair leantach a d'fhéadfaí a dhéanamh:**

**Sampla 1**
Íomhánna d'fhíorsheisiún iomlánach Pharlaimint na hEorpa in Strasbourg a bhailiú.






Is féidir leis na daltaí an cleachtadh céanna a dhéanamh le, e.g. pictiúr 3 – roinnt de na daoine a léirítear sa ghrianghraf a dhealú ó na daoine eile ann agus iad a mhéadú. An gaol atá acu leis na daoine sa phictiúr a aimsiú. Cén léiriú atá sna híomhánna uile úd ar an daonlathas agus ar phróisis dhaonlathacha?

**Sampla 2:**
Íomhánna de pharlaimintí náisiúnta éagsúla na hEorpa a bhailiú – roinnt samplaí thíos


Parlaimint na hOstaire


An Bheilg – Parlaimint Fhlóndras


Parlaimint na Beilge


Parlaimint na Bulgáire


Parlaimint na Seice


Parlaimint na Gearmáine

- Comparáid a dhéanamh idir na híomhánna (ailtireacht, socruithe suí, siombailí náisiúnta etc.) agus an gaol atá acu leis na nósanna imeachta daonlathacha sa chinnteoireacht pholaitiúil a aimsiú.
- Colláis nó póstaer atá ina léiriú ar do chuid torthaí a chruthú nó
- Samhail a chruthú atá bunaithe ar struchtúr parlaiminteach nua trína gcothaítear an chinnteoireacht dhaonlathach.

**Sampla 3**
Cartún nó póstaer a chruthú ina bhfuil teachtaireacht:

- Roghnaigh ábhar reatha atá ina ábhar polaitiúil, amhail an intleacht shaorga, agus samhlaigh cad é a cheapfadh na daoine a léirítear sa saothar ealaíne de nó conas a labhróidís air.
- D'fhéadfaí é sin a nascadh le mórphlé ar an bpop-ealaín. Tá Roy Lichtenstein ar dhuine de na healaíontóirí a d'úsáid formáid den sórt sin.
- Féadfaidh tú samplaí eile ó stair na healaíne a aimsiú freisin.

**Let Art Speak**







**Breis saothair ealaíne a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach don nós imeachta ar a ndéantar cur síos thuas**



**Anna Baumgart (*1966)**
an Pholainn
*Wall* [5 sculpture ensemble], 2008
Roisín aicrileach agus péint aicrileach, 123 cm



**Ruth Bianco (*1954)**
Malta
*Lines of Migration,* 2020
Colláis de dhiptic-montáise ar pháipéar,
160 × 250 cm



**Flo Kasearu (*1985)**
an Eastóin
*Fears of a Museum Director*, 2014
Peann luaidhe, páipéar
650 × 500 mm (gach ceann acu)

# ACMHAINNÍ BREISE

**EU**

- https://together.europarl.europa.eu/ga/
- https://youth.europarl.europa.eu/ga/home.html
- https://what-europe-does-for-me.eu/ga/home
- https://www.europarl.europa.eu/infographic/legislative-procedure/index_ga.html

**Múineadh na hEalaíne agus an Daonlathais**

- https://www.living-democracy.com/
- https://learning-corner.learning.europa.eu/index_ga
- A short guide to the EU - downloadable pdf
https://learning-corner.learning.europa.eu/learning-materials/short-guide-eu_ga
- https://www.coe.int/en/web/reference-framework-of-competences-for-democratic-culture
- <Democracy is yours> animated video, Anne Frank House
https://www.youtube.com/watch?v=C4YwdbR2fl8
- Art of Democracy Festival on Tour in Graz, Austria 2022
https://artofdemocracy.eu/
- Ted talk playlist < Why is art important to democracy >
https://www.ted.com/playlists/733/why_art_is_important_to_democracy
From this playlist:
The good and the bad government - Lorenzetti's frescos in the Siena town hall
https://www.ted.com/talks/anthony_d_romero_this_is_what_democracy_looks_like?referrer=playlist-why_art_is_important_to_democracy&autoplay=true
- Interview - With Klaus Staeck, Artist and Publisher
https://www.dw.com/en/activist-artist-klaus-staeck-still-provokes-at-80/a-42518822
- Disney Parks | How-To Draw Cartoons Series
https://www.youtube.com/playlist?list=PLflf8xbnbx65Z2oa2F9uqKZxJJn-4Nynr

**Tagairtí do Stair na hEalaíne**

- *The Allegory of Good and Bad Government*, in Siena's Palazzo Pubblico 1338-1339, Ambrogio Lorenzetti
- *David*, 1501-1504, Michelangelo Buonarroti
- *Liberty Leading the People*, 1830, Eugène Delacroix
- *Nie wieder Krieg!, (Never again War!)*, 1924, Käthe Kollwitz, Poster, Chalk and brush lithograph
- *Und Neues Leben Blüht aus den Ruinen (And New Life Blooms from the Ruins)*, 1980, Klaus Staeck
- *Guernica*, 1937, Pablo Picasso
- *Dove, 1949, Pablo Picasso*
- *Demokratie ist lustig (Democracy Is Merry)*, 1973, Joseph Beuys
- *Get off your rat's ass and VOTE!*, 2006, Banksy




Bí páirteach i lecheile.eu

Parlaimint na hEorpa